connacht - ulster
waste region

eastern - midlands
waste region

southern
waste region

# An Tionscnamh Frithdhumpála

## TUARASCÁIL 2022

### Faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide



WERLA-R-5618 09/23

An Roinn Comhshaoil,
Aeráide agus Cumarsáide
Department of the Environment,
Climate and Communications



connacht - ulster
waste region

eastern - midlands
waste region

southern
waste region

# Clár na nÁbhar


Leathanach

**1 Réamhrá** 1

1.1 Cuspóir an doiciméid seo 2
1.2 Achoimre de réir Uimhreacha 3
1.3 Léarscáil de na WERLAnna 4

**2 Miondealú Tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil** 5

2.1 Réigiún Chonnacht-Uladh (CUR) 6
2.2 Réigiún an Oirthir-Lár Tíre (EMR) 9
2.3 Réigiún an Deiscirt (RD) 11

**3 An Tionscnamh Frithdhumpála 2022** 15

3.1 An Próiseas Iarratais 16
3.2 Critéir Roghnúcháin don Tionscadal 17
3.3 Tionscadail 18
3.4 Critéir Maoinithe Deontais 18

**4 Cás-Staidéir Réigiúnacha** 19

4.1 Réigiún Chonnacht-Uladh (CUR) 20
4.2 Réigiún an Oirthir-Lár Tíre (EMR) 39
4.3 Réigiún an Deiscirt (RD) 60

**5 Aguisíní** 79

**Aguisín 1: Gluais Téarmaí** 80
**Aguisín 2: Leabharliosta** 81

## Nótaí buíochais

**Bhí baint lárnach ag na baill foirne WERLA seo a leanas le forbairt agus athbhreithniú an doiciméid seo:**

| Ainm | Réigiún WERLA |
|---|---|
| Padraig Jones | Connachta Ulaidh |
| Dearn McClintock | Connachta Ulaidh |
| Adam Rudden | Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre |
| Maria Douglas | Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre |
| Cathal Gahan | Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre |
| Anthony Hayes | An Deisceart |
| Niall Dunne | An Deisceart |
| Colman Kelly | An Deisceart |
| Caoimhin Nolan | An Deisceart |

Is féidir an foilseachán seo ar fad nó codanna de a atáirgeadh gan tuilleadh ceada, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse. Cé go ndearnadh gach iarracht cruinneas an ábhair atá san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a chinntiú. Ní ghlacann oifigí WERLA le haon fhreagracht ar bith as caillteanas ná as damáiste a tharla nó a mhaítear gur tharla sé, go páirteach nó ina iomláine, de thoradh ar dhuine ar bith ag gníomhú nó gan bheith ag gníomhú mar gheall ar aon ábhar atá san fhoilseachán treorach seo.

# Achoimre Feidhmiúcháin 1



# 1 Achoimre Feidhmiúcháin

## 1.1 Cuspóir an doiciméid seo

**Ag teacht leis na blianta roimhe seo, chuir an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC) maoiniú dar luach €3M ar fáil trí na Príomhúdaráis Réigiúnacha um Fhorfheidhmiú Dramhaíola (WERLAnna) chun tacú le Tionscnamh Frithdhumpála 2022 (ADI).**

Ó seoladh an tionscnamh seo thiar in 2017, tá os cionn 1,500 tionscadal curtha i gcrích go rathúil i ngach ceann de na 31 limistéar údaráis áitiúil agus d'fhóin sé sin chun a chinntiú go bhfuil dumpáil mhídhleathach fós ard ar an gclár oibre do phobail ar fud na tíre agus go bhfuil na tacaíochtaí agus na hidirghabhálacha cuí ar fáil chun dul i ngleic leis an bhfadhb.

Mar aon le leithdháiltí na mblianta roimhe seo, tá sé mar aidhm ag ADI 2022 teagmhais dumpála mídhleathaí a laghdú go náisiúnta trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail atá dírithe ar dhul i ngleic leis an bhfadhb, ag baint úsáide as cur chuige comhoibríoch a bhaineann le húdaráis áitiúla, pobail agus Gníomhaireachtaí Stáit eile.

Is é is cuspóir don tuarascáil seo eolas a thabhairt faoin gcaoi ar úsáid na húdaráis áitiúla an cistiú chun dumpáil mhídhleathach a chomhrac ina limistéir fheidhmiúla, i gcomhréir leis na critéir ADI de réir Imlitir WP 03.22.

Cistíodh 252 thionscadal san iomlán in 2022, rud a raibh costas €2,862,520.26 mar thoradh air.

Ina theannta sin, féachtar sa tuarascáil seo le faisnéis a chur ar fáil faoi chásanna staidéir i ngach ceantar údaráis áitiúil ina bhféadfadh spéis ar leith a bheith ag údaráis áitiúla eile, ag WERLA, ag RCAC agus go deimhin ag an bpobal i gcoitinne.



## 1.2 Achoimre de réir Uimhreacha



**31**

LÍON NA nÚDARÁS ÁITIÚIL

**€2,862,520**

CAITEACHAS AR THIONSCADAIL



**252**

LÍON NA dTIONSCADAL



**4,619**

LÍON NA dTONAÍ DRAMHAÍOLA A BAILÍODH AGUS A BAINEADH




**18**

LÍON NA nDRAMHGHLUAISTEÁN A AISGHABHADH



**2,004**

LÍON NA dTOLG A BAILÍODH



**15,433**

LÍON NA dTOCHTANNA A BAILÍODH




**260**

LÍON NA LEAPACHA A BAILÍODH



**1,202**

LÍON NA ROTHAR A RINNEADH A ATHCHÚRSÁIL



**1,236**

LÍON NA nEARRAÍ LEICTREACHA A BAILÍODH



**4,163**


LÍON NA MÁLAÍ BRUSCAIR A LÍONADH



ROINNT FEACHTAIS AR NA MEÁIN SHÓISIALTA, AR AN RAIDIÓ AGUS AR CHLÁR FÓGRAÍ

## 1.3 Léarscáil de na WERLAnna

**Bunaíodh trí WERLA, lena gcumhdaítear Réigiúin Chonnacht-Uladh, an Oirthir agus Lár Tíre, agus an Deiscirt, in 2015 agus iad freagrach as gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola na n-údarás áitiúil a chomhordú, tosaíochtaí agus cuspóirí coiteanna a leagan síos maidir le forfheidhmiú dramhaíola agus comhsheasmhacht fhorfheidhmiú na reachtaíochta dramhaíola a chinntiú agus pearsanra na n-údarás áitiúil a fhágáil mar chéad fhreagróirí ar an talamh.**



# Miondealú Tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil 2



# 2 Miondealú Tionscadail de réir Réigiúin agus Údaráis Áitiúil

## 2.1 Réigiún Chonnacht-Uladh (CUR)

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA CHONNACHT-ULADH | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| CUR | An Cabhán | **4** | Laethanta Fágála Dramhaíola Téagartha | **€118,402.94** |
| CUR | An Cabhán | | Oibreacha Feabhsúcháin Ionad Athchúrsála Fág Anseo | |
| CUR | An Cabhán | | Tionscadal Oideachais & Feasachta do Scoileanna Glasa | |
| CUR | An Cabhán | | Trealamh a Cheannach do Mhaoir Phobail | |
| CUR | Dún na nGall | **16** | Málaí glantacháin pobail agus piocadóirí bruscair in aghaidh an Limistéir MD x 5 | **€133,592.05** |
| CUR | Dún na nGall | | Tionscnamh Athúsáide Péinte | |
| CUR | Dún na nGall | | Anailís ar Bhainistíocht Dramhaíola Tí | |
| CUR | Dún na nGall | | Glantachán Phortach Chorr Ritheáin, Bealach Féich | |
| CUR | Dún na nGall | | Glantachán na Mucaise | |
| CUR | Dún na nGall | | Glantachán Chnoc an Bhaile Bhric, Bun an Phobail | |
| CUR | Dún na nGall | | Glantachán Mhachaire na Dromann, Carn Domhnach | |
| CUR | Dún na nGall | | Glantachán Chnoc Ghlas Maoláin, Bun Cranncha | |
| CUR | Dún na nGall | | Feachtas Feasachta | |
| CUR | Dún na nGall | | Bailiúchán Earraí Toirtiúla/Imeacht Athchúrsála ar leathphraghas | |
| CUR | Dún na nGall | | Bainistiú freagrach dramhaíola ag tithe saoire | |
| CUR | Dún na nGall | | Miondealú ar Threalamh Faireachais Cártaí SD | |
| CUR | Dún na nGall | | Miondealú ar Threalamh Faireachais Ceallraí | |
| CUR | Dún na nGall | | Coimeádán do Mhaor Bruscair, CB na nGleanntach | |
| CUR | Dún na nGall | | Glantachán pobail, comharthaíocht 'Cosc ar Dhumpáil', TCI/cuaillí, Srath an Urláir | |
| CUR | Dún na nGall | | Bailiúchán Péinte | |
| CUR | Cathair na Gaillimhe | **6** | Grá do Chathair na Gaillimhe | **€108,457.74** |
| CUR | Cathair na Gaillimhe | | Imeacht Bailithe Dramhaíola Guaisí | |
| CUR | Cathair na Gaillimhe | | Glasú na Lánaí | |
| CUR | Cathair na Gaillimhe | | Imeacht bailithe Earraí Toirtiúla Tí | |
| CUR | Cathair na Gaillimhe | | Dul i ngleic le gníomhaíocht neamhúdaraithe feithiclí deiridh ré | |
| CUR | Cathair na Gaillimhe | | Feachtas Feasachta an Tionscnaimh Frithdhumpála | |

Ar lean. ›

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA CHONNACHT-ULADH | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| CUR | Contae na Gaillimhe | **12** | Feachtas feasachta maidir le bailitheoirí dramhaíola bréagacha | **€88,392.57** |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Ionaid Fág Anseo | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Feachtas feasachta maidir le bailitheoirí ELV neamhúdaraithe | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Bailiúcháin Earraí Toirtiúla | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Glantachán sa Tír Bhuí i gceantar Thuama | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Fruiliú feasachta ar Chomharthaí VMS | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Bailiúchán Earraí Toirtiúla, Inis Bó Finne | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Stáisiún athlíonta uisce óil do cheantar Snámha Phort Omna | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Bailiúchán dramhphéinte | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Feachtas um Chupáin In-athúsáidte | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Glantachán dramhaíola ag Portach an Leathbhaile, Tuaim | |
| CUR | Contae na Gaillimhe | | Glantachán ar Láithreán, Tuaim | |
| CUR | Liatroim | **11** | Feachtas feasachta ar an mbruscar ar na meáin shóisialta | **€80,623.23** |
| CUR | Liatroim | | Imeacht Bailithe Dramhaíola Guaisí (dramhaíl tí) | |
| CUR | Liatroim | | Tacaíocht Phobail le linn Ghlantachán Náisiúnta an Earraigh | |
| CUR | Liatroim | | Tacaíocht do Réitigh Geopal - Ceadúnas Bliantúil | |
| CUR | Liatroim | | Na Meáin, Páipéar fógraíochta agus cláir fógraí | |
| CUR | Liatroim | | Cóstaí Glana | |
| CUR | Liatroim | | Imscrúduithe Idirlín Foinse Oscailte nó Oiliúint eile | |
| CUR | Liatroim | | Fálú ag iosta na Comhairle | |
| CUR | Liatroim | | Láithreáin dumpála mídhleathacha níos mó a ghlanadh in áiteanna éagsúla sa chontae | |
| CUR | Liatroim | | TCI a shuiteáil chun dul i ngleic le dumpáil mhídhleathach ag an láthair i Maothail | |
| CUR | Liatroim | | Corr na Muclach - príomhionad dumpála tírdhreacha | |
| CUR | Liatroim (CU WERLA) | **2** | Teicneolaíocht Chliste x 2 | **€12,820.29** |
| CUR | RWMPO | **1** | Teachtaireachtaí ginearálta frithbhruscair agus frithdhumpála a chur chun cinn | **€33,000.00** |

Ar lean. ›

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA CHONNACHT-ULADH | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| CUR | Maigh Eo | 6 | iPad Dróin | €131,069.00 |
| CUR | Maigh Eo | | Cosc Tinte Cnámh | |
| CUR | Maigh Eo | | Cuaillí ionaid fág anseo agus gléasanna fuaime | |
| CUR | Maigh Eo | | Glantachán CB Bhéal an Átha | |
| CUR | Maigh Eo | | Glantachán CB Chlár Chlainne Mhuiris | |
| CUR | Maigh Eo | | Glantachán B Chathair na Mart-Bhéal an Mhuirthead | |
| CUR | Muineachán | 10 | Bailiúcháin earraí toirtiúla 2022 | €103,570.13 |
| CUR | Muineachán | | Síneadh Araidí Gréine | |
| CUR | Muineachán | | Glantachán láithreán Bhóthar an Phortaigh i nDroim Iolaird Bhaile na Lorgan | |
| CUR | Muineachán | | Glantachán canála (Bailte Slachtmhara) | |
| CUR | Muineachán | | Glantachán Chúlchríocha Pháirc Uí Néill Céim 2 | |
| CUR | Muineachán | | Glantachán Bhóthar Bhaile an Scotaigh | |
| CUR | Muineachán | | Dumpáil Mhídhleathach an Choinicéir/Bhóthar Dhún Dealgan | |
| CUR | Muineachán | | Eastát Tithíochta Shruth an Iúir, Eoraim - Bruscar agus Fálú | |
| CUR | Muineachán | | Bóthar an Mhachaire Bhuí, Carraig Mhachaire Rois - Dumpáil Mhídhleathach | |
| CUR | Muineachán | | Cúrsa feasachta agus cigireachta aispeiste | |
| CUR | Ros Comáin | 8 | Fodhlíthe um Chur i Láthair Dramhaíola a Chur Chun Cinn | €79,773.31 |
| CUR | Ros Comáin | | Earraí Toirtiúla & Bailiúchán Tochta | |
| CUR | Ros Comáin | | Nuashonrú ar Theicneolaíocht Dróin le haghaidh Forfheidhmiú Dramhaíola | |
| CUR | Ros Comáin | | Glantachán ar Dhumpáil Cois Bóthair | |
| CUR | Ros Comáin | | Glantachán Chúil Leachtáin, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin | |
| CUR | Ros Comáin | | Baint Bonn | |
| CUR | Ros Comáin | | Glasaigh d'Imeachtaí Féile | |
| CUR | Ros Comáin | | Feachtas Fógraíochta - Bailitheoirí Neamhúdaraithe | |
| CUR | Sligeach | 8 | Córais Oibriúcháin agus Bainistíochta Drón, Comhairle Contae Shligigh | €88,641.49 |
| CUR | Sligeach | | Laethanta Bailithe Earraí Toirtiúla | |
| CUR | Sligeach | | Lá Maithiúnais Tochtanna | |
| CUR | Sligeach | | Tionscadal 'Rothair don Afraic' | |
| CUR | Sligeach | | Araidí Dlúthaithe Grianchumhachtaithe | |
| CUR | Sligeach | | Ceannach Comharthaíochta | |
| CUR | Sligeach | | Ceannach Comhghabhálas le haghaidh Drón | |
| CUR | Sligeach | | Tionscadail ghlantacháin bheaga | |

## 2.2 Réigiún an Oirthir-Lár Tíre (EMR)

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA AN OIRTHIR-LÁR TÍRE | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| EMR | Cathair Bhaile Átha Cliath | **6** | Glantachán Bhruach na Canálach Ríoga – Comhthionscnamh le hUiscebhealaí Éireann agus Iarnród Éireann | **€75,330.77** |
| EMR | Cathair Bhaile Átha Cliath | | Baint Rothar Tréigthe i mBaile Átha Cliath | |
| EMR | Cathair Bhaile Átha Cliath | | Tionscadal Bithéagsúlachta, Garrán an tSabhaircín Dharndál | |
| EMR | Cathair Bhaile Átha Cliath | | Maithiúnas Tochtanna Soghluaiste Lár na Cathrach Thuaidh | |
| EMR | Cathair Bhaile Átha Cliath | | Lá Athchúrsála Tochtanna agus DTLL, Baile Munna agus Fionnghlas | |
| EMR | Cathair Bhaile Átha Cliath | | D8 Nuáil & Cruthaigh (Lána *Back of the pipes* gar do Ghairdín Pobail Pháirceanna Uí Fhlanagáin) | |
| EMR | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | **3** | Maithiúnas don dramhaíl ghuaiseach | **€49,834.16** |
| EMR | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | Lá maithiúnais do thochtanna | |
| EMR | Dún Laoghaire-Ráth an Dúin | | Rothair don Afraic | |
| EMR | Fine Gall | **3** | Tionscnamh Gardaí Pobail Fhionnghlaise | **€81,050.00** |
| EMR | Fine Gall | | Feachtas Feasachta Pictiúrlainne um Dhumpáil Mhídhleathach/Bailiú Dramhaíola Mídhleathaí | |
| EMR | Fine Gall | | Glantachán Naomh Seosamh (Lána Dhún Sinche) | |
| EMR | Cill Dara | **5** | Bóthar Dola, an Cheapach, Cill Choca - Glantachán | **€50,085.02** |
| EMR | Cill Dara | | Maithiúnas Tochtanna, Cnoc Saileata | |
| EMR | Cill Dara | | Maithiúnas Tochtanna, Cill Droichid | |
| EMR | Cill Dara | | Blitz Bhóthar an Phortaigh i gcomhar le Comhairle Contae Uíbh Fhailí | |
| EMR | Cill Dara | | Ionad Fág Anseo - Laghdú Dumpála | |
| EMR | Laois | **4** | Gléasanna Fuaimthaifeadta | **€92,621.98** |
| EMR | Laois | | Maithiúnas tochta, cabhlach leapa, toilg, cathaoireach uillí agus proinnchathaoireach, an Ghráig | |
| EMR | Laois | | Maithiúnas tochta, cabhlach leapa, toilg, cathaoireach uillí agus proinnchathaoireach, Port Laoise | |
| EMR | Laois | | Maithiúnas tochta, cabhlach leapa, toilg, cathaoireach uillí agus proinnchathaoireach Ráth Domhnaigh | |
| EMR | An Longfort | **5** | Bóthar Thromra agus a Purláin - Gránard Contae an Longfoirt | **€73,894.31** |
| EMR | An Longfort | | Gleann Riada agus a Purláin | |
| EMR | An Longfort | | Feachtas Feasachta Poiblí - Dumpáil Mhídhleathach agus Leithscaradh Dramhbhia | |
| EMR | An Longfort | | Imeacht Bailithe Dramhaíola Guaisí Earraí Toirtiúla | |
| EMR | An Longfort | | Uasghrádú ar araidí bruscair Cheantar Bardasach an Longfoirt Theas | |

Ar lean. ›

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA AN OIRTHIR-LÁR TÍRE | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| EMR | Lú | **4** | Imeacht Maithiúnais Tochta & Toilg - Dún Dealgan | **€80,463.50** |
| EMR | Lú | | Imeacht Maithiúnais Tochta & Toilg - Droichead Átha | |
| EMR | Lú | | Imeacht glantacháin samhraidh pobail - Dún Dealgan | |
| EMR | Lú | | Glantachán Ghairdín Pobail Lána Uí Eochaidh | |
| EMR | An Mhí | **7** | Tionscnamh Pobail an Chiliméadair Ghlais | **€82,715.00** |
| EMR | An Mhí | | Rothair don Afraic | |
| EMR | An Mhí | | Baint Dramhaíola, Baile an Bhrúnaigh | |
| EMR | An Mhí | | Dramhaíl Théagartha Tí, Ceanannas | |
| EMR | An Mhí | | Bailiú Dramhaíola Téagartha ag Ionad Athchúrsála na hUaimhe | |
| EMR | An Mhí | | Lána Ard na Gréine, Ceanannas | |
| EMR | An Mhí | | ADI Loch Craobh | |
| EMR | Uíbh Fhailí | **4** | Glantachán láithreáin x 4 | **€79,000.00** |
| EMR | Uíbh Fhailí | | Feachtas Raidió | |
| EMR | Uíbh Fhailí | | Piocadóirí bruscair & soláthairtí | |
| EMR | Uíbh Fhailí | | Araidí bruscair gréine faoi 5 | |
| EMR | Baile Átha Cliath Theas | **4** | Lána Choillte Leamháin - Céim 2 | **€71,947.00** |
| EMR | Baile Átha Cliath Theas | | Maithiúnas Tochtanna 2022 | |
| EMR | Baile Átha Cliath Theas | | Scéim Fágála Leachtanna Guaiseacha | |
| EMR | Baile Átha Cliath Theas | | Dramhaíl & Sláinte an Lucht Siúil | |
| EMR | An Iarmhí | **5** | Maoir Thaitneamhachta Shéasúracha | **€61,757.46** |
| EMR | An Iarmhí | | Straitéis Frithdhumpála Fhleadh 2022 | |
| EMR | An Iarmhí | | Glantachán an Bhóthair Portaigh, Bealach Bhaile an Mhuilinn | |
| EMR | An Iarmhí | | Glantachán an Bhealaigh Isteach sa Ghlasbhealach, Cearnóg an tSáirséalaigh | |
| EMR | An Iarmhí | | Laethanta Maithiúnais Troscáin Thoirtiúil | |
| EMR | Cill Mhantáin | **6** | Láithreán Conláiste Cathartha an Rampair - Bailiúchán Dramhaíola Guaisí | **€67,545.66** |
| EMR | Cill Mhantáin | | Láithreán Conláiste Cathartha an Inbhir Mhóir - Bailiúchán Dramhaíola Guaisí | |
| EMR | Cill Mhantáin | | Láithreán Conláiste Cathartha Bhré - Bailiúchán Dramhaíola Guaisí | |
| EMR | Cill Mhantáin | | Maithiúnas Tochtanna | |
| EMR | Cill Mhantáin | | Rothair don Afraic | |

## 2.3 Réigiún an Deiscirt (RD)

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA AN DEISCIRT | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| SR | Ceatharlach | **5** | Rochtain ar an Athchúrsáil do Chách | **€89,975.00** |
| SR | Ceatharlach | | Pobail Ghlana - Ceatharlach | |
| SR | Ceatharlach | | Forfheidhmiú Cliste | |
| SR | Ceatharlach | | Glantachán na Bearú | |
| SR | Ceatharlach | | Príomhionaid diúscartha mídhleathaí | |
| SR | An Clár | **6** | Glantacháin agus Comharthaíocht | **€76,388.47** |
| SR | An Clár | | Lá Maithiúnais Tochtanna/Dramhaíola Téagartha | |
| SR | An Clár | | Rothair ar son na hÚcráine | |
| SR | An Clár | | Gléas Rabhaidh Fuaime | |
| SR | An Clár | | Taispeáint teachtaireachtaí athraitheacha - suiteáil shealadach | |
| SR | An Clár | | Feachtais Feasachta | |
| SR | Cathair Chorcaí | **14** | Glantachán Theach Inse Gaigín | **€161,384.74** |
| SR | Cathair Chorcaí | | Maithiúnas Tochtanna | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Tionscadal Lá Diúscartha Dramhaíola Guaisí | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Glantachán Bhóthar na Laoi | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Radharc an Oileáin | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Glantachán Eastát Tionsclaíoch na Gráinsí | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Bailiúcháin Earraí Toirtiúla | |
| SR | Cathair Chorcaí | | TCI - Láithreáin fág anseo | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Feachtas Frithbhruscair Mórtais Ceantair "Get-a-Grip" | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Cairde is Bainteoirí (Clár na Scoileanna) | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Maoiniú Breise Éigeandála do Ghlantachán Cheantar Mhachan | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Feabhsúcháin Sráid-dreacha - An Phríomhshráid Thuaidh | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Glantachán na Dúcharraige | |
| SR | Cathair Chorcaí | | Bailiúchán Dramhaíola Guaisí | |

Ar lean. ›

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA AN DEISCIRT | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| SR | Contae Chorcaí | **19** | Glantachán Ché agus Chuan na Scoile | **€110,860.32** |
| SR | Contae Chorcaí | | Glantachán Shiúlóid Choillearnaí Dhroichead na Bandan | |
| SR | Contae Chorcaí | | An feachtas "Do thírse. Do dhramhaílse?" | |
| SR | Contae Chorcaí | | Feabhas a chur ar Shiúlbhealaí Bheanntraí | |
| SR | Contae Chorcaí | | Glantachán Foraoise i gCill an Mhuilinn agus na Boinn | |
| SR | Contae Chorcaí | | Glantachán Pobail Oileáin Iarthar Chorcaí | |
| SR | Contae Chorcaí | | Araidí Bolg Mór - Promanád an Chóibh | |
| SR | Contae Chorcaí | | Scoileanna Frithbhruscair: Glantachán baill dhuibh: An Cóbh | |
| SR | Contae Chorcaí | | Trealamh do Phobail | |
| SR | Contae Chorcaí | | Glantachán baill dhuibh: Greanach | |
| SR | Contae Chorcaí | | Feabhsú Tránna Iarthar Chorcaí | |
| SR | Contae Chorcaí | | Glantachán baill dhuibh: Cladach an Oileáin Bhig | |
| SR | Contae Chorcaí | | Cladach Bhá Bheanntraí | |
| SR | Contae Chorcaí | | Glantachán baill dhuibh: Cnocán na Biolraí | |
| SR | Contae Chorcaí | | Láithreáin Caite Bruscair: Tionscnamh Soithí Plandaí Inis Eonáin | |
| SR | Contae Chorcaí | | Glantacháin baill dhuibh: Ar fud an chontae | |
| SR | Contae Chorcaí | | Oileáin Iarthar Chorcaí - Maithiúnas Dramhfheithiclí | |
| SR | Contae Chorcaí | | Tionscadal na bPlaisteach Aigéin - Meánscoileanna | |
| SR | Contae Chorcaí | | Fálú - Cúl na Gréine, Ceann Toirc | |
| SR | Ciarraí | **5** | Baint Dramhaíola a Dumpáladh go Neamhdhleathach | **€95,856.64** |
| SR | Ciarraí | | Maithiúnas Tochtanna | |
| SR | Ciarraí | | Ceannach Araidí Dlúthaithe Grianchumhachtaithe | |
| SR | Ciarraí | | Earraí stoic a cheannach chun dramhaíl a bhaint | |
| SR | Ciarraí | | Ceannach dróin | |
| SR | Cill Chainnigh | **7** | Maithiúnas Tochtanna ar fud an Chontae | **€98,630.84** |
| SR | Cill Chainnigh | | Boird teachtaireachtaí athraitheacha le haghaidh salú madraí/caitheamh bruscar ag bainc bhuidéil | |
| SR | Cill Chainnigh | | Feachtas Meán ag baint úsáide as faisnéis ADI | |
| SR | Cill Chainnigh | | Glantachán ar Chnoc an Easpaig agus TCI | |
| SR | Cill Chainnigh | | Glantacháin ar cholbhaí éagsúla bóthair timpeall an Chontae | |
| SR | Cill Chainnigh | | Glantachán ag Droichead Bhaile Mhic Andáin | |
| SR | Cill Chainnigh | | Glantachán ar eastát tithíochta an tSléibhe Rua | |

Ar lean. ›

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA AN DEISCIRT | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| SR | Luimneach | | Gort Scátha | |
| SR | Luimneach | | Tionscadal an Ráithín | |
| SR | Luimneach | | Glantachán Gheata Eoin | |
| SR | Luimneach | | Glantachán Ó Cuanach | |
| SR | Luimneach | | Glantachán Bhóthar Mhílic | |
| SR | Luimneach | | Baile Mhainistir na Féile | |
| SR | Luimneach | | Glantachán Pháirc Uí Dhomhnalláin | |
| SR | Luimneach | | Dromtrasna | |
| SR | Luimneach | | Eastát Radharc na hAbhann | |
| SR | Luimneach | | Glantachán na Ceapaí Móire | |
| SR | Luimneach | | Faiche an Teampaill | |
| SR | Luimneach | | Glantachán Gharraí Eoin | |
| SR | Luimneach | | Droichead an tSrutháin | |
| SR | Luimneach | | Glantachán Bhóthar na hInse | |
| SR | Luimneach | **29** | Mount Earl Áth Dara | **€116,399.93** |
| SR | Luimneach | | Bealach Átha | |
| SR | Luimneach | | An Caol/An Doirín | |
| SR | Luimneach | | Bóthar na Grúdan | |
| SR | Luimneach | | Glantachán Sheanbhóthar Chorcaí | |
| SR | Luimneach | | Fálú agus glantachán, Caisleán Uí Chonaill | |
| SR | Luimneach | | Glantachán, Ascaill Uí Loingeacháin | |
| SR | Luimneach | | Bóthar Nua, Geatathuamhumhan | |
| SR | Luimneach | | Glantachán, an Gleann | |
| SR | Luimneach | | Glantachán, Ráth Caola | |
| SR | Luimneach | | Toppins Field | |
| SR | Luimneach | | Glantachán Sharwood | |
| SR | Luimneach | | Baile Uí Neachtain | |
| SR | Luimneach | | Tuar na Fola/Mainistir na Féile | |
| SR | Luimneach | | Ráth Caola: Cúirt na Mainistreach | |
| SR | Tiobraid Árann | | Gort an Óir na Cillíní Fearann Ruairí - Láithreáin dumpála mhídhleathacha | |
| SR | Tiobraid Árann | | Glantachán Pobail Fhiántas an Charraigín, Cluain Meala | |
| SR | Tiobraid Árann | | Laethanta um Dhramhaíl Tí Ghuaiseach | |
| SR | Tiobraid Árann | **6** | Glantachán Phlás Uí Chlochasaigh | **€83,524.11** |
| SR | Tiobraid Árann | | Bóthar an Ásaigh/Céide Mhic Cormaic/Cill Mhac Stola - láithreán dumpála poiblí | |
| SR | Tiobraid Árann | | Lána an tSéipéil, Tiobraid Árann | |

Ar lean. ›

| TIONSCNAMH FRITHDHUMPÁLA 2022: RÉIGIÚN DRAMHAÍOLA AN DEISCIRT | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Réigiún** | **Údarás Áitiúil** | **Uimh.** | **Teideal an Tionscadail** | **Maoiniú** |
| SR | Port Láirge | **17** | Laethanta Dramhaíola Téagartha | **€104,785.64** |
| SR | Port Láirge | | Glantachán C&D Choill an Bhrúnaigh | |
| SR | Port Láirge | | Glantachán Chúirt Penrose | |
| SR | Port Láirge | | Ceannach Dróin | |
| SR | Port Láirge | | Páirc Chuimhneacháin Lios Dúgáin | |
| SR | Port Láirge | | Tralaithe Málaí Grúpaí Pobail | |
| SR | Port Láirge | | Tionscadal Rúnsiopadóra ELV | |
| SR | Port Láirge | | Glantachán Sheandúin, Dún Garbhán | |
| SR | Port Láirge | | Baint Bonn a Dumpáladh go Mídhleathach, Baile an Ruiséalaigh | |
| SR | Port Láirge | | Feachtas Fógraíochta Pictiúrlainne an Fear sa Veain | |
| SR | Port Láirge | | Glantachán ag Teach an Chnoic Bhuí | |
| SR | Port Láirge | | Glanadh an tí thréigthe i bPáirc Airde Móire | |
| SR | Port Láirge | | Glantachán ag Teach Bhóthar Morrison | |
| SR | Port Láirge | | Teach Pháirc Chluain Ioraird | |
| SR | Port Láirge | | 2 Iostáin an Ghleanna | |
| SR | Port Láirge | | Glantachán ag an gCúil Fhionn, Port Lách | |
| SR | Port Láirge | | Teach Pháirc Naomh Eoin | |
| SR | Loch Garman | **4** | Rothair Scoile na hAfraice | **€80,126.96** |
| SR | Loch Garman | | Comhairle Contae Loch Garman - Maithiúnas Tochtanna/Tolg 2022 | |
| SR | Loch Garman | | Glantachán agus Oibreacha Gaolmhara ag 4 bhall dhubha – Lána na Carraige Báine, Radharc Daphne, Radharc an tSéipéil, Cúirt na Prióireachta | |
| SR | Loch Garman | | Monatóireacht a dhéanamh ar phríomhionaid dumpála. | |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | **IOMLÁN** | **252** | | **€2,862,520.26** |
| | **SR** | **112** | | **€1,017,932.65** |
| | **CUR** | **83** | | **€945,342.75** |
| | **EMR** | **56** | | **€866,244.86** |
| | **RWMPO** | **1** | | **€33,000.00** |
| | | **252** | | **€2,862,520.26** |

# An Tionscnamh Frithdhumpála 2022

# 3



# 3 An Tionscnamh Frithdhumpála 2022

**An ciorclán ADI, (Imlitir WP 03.22: Tionscnamh Frithdhumpála 2022), dar dáta an 29 Márta 2022, inar leagadh amach na critéir roghnúcháin tionscadail, an próiseas iarratais, agus inar iarradh ar údaráis áitiúla tionscadail a chur isteach lena mbreithniú ag an WERLA ábhartha.**

Is éard b'aidhm do ADI 2022 líon na dteagmhas dumpála mídhleathaí a laghdú go náisiúnta trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail chun dul i ngleic leis an bhfadhb trí chur chuige comhoibríoch ina mbeadh údaráis áitiúla, pobail, agus gníomhaireachtaí eile Stáit páirteach. In 2022, díríodh ar cheithre phríomhréimse agus rinneadh measúnú ar thionscadail, agus cuireadh maoiniú ar fáil bunaithe ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu sna réimsí seo a leanas:

1. **Cosc**
2. **Laghdú**
3. **Oideachas agus Feasacht**
4. **Forfheidhmiú**

Choinnigh an roinn uirthi ag tabhairt spreagadh láidir do thionscadail nuálacha inar aithníodh an dramhaíl mar acmhainn a bhféadfaí athearraíocht a bhaint aisti mar chuid de gheilleagar ciorclach.

Is cuid bhunúsach straitéiseach den réiteach ar dhumpáil mhídhleathach í an infheistíocht i mbearta coisctheacha. Bearta amhail comharthaíocht a chur ar fáil, soilsiú agus bacainní a shuiteáil, cothabháil tírdhreacha agus imeachtaí maithiúnais le haghaidh sruthanna dramhaíola dúshlánacha amhail troscán toirtiúil agus tochtanna; is féidir leo a bheith ina n-uirlisí éifeachtacha chun gníomhaíochtaí dumpála mídhleathaí a theorannú. Is beart coisctheach ríthábhachtach eile é feidhmiú céimneach leanúnach na bhfodhlíthe maidir le cur i láthair dramhaíola leis na húdaráis áitiúla go léir ar tugadh tacaíocht dó faoi chlár ADI 2022. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach dtacaítear go sainráite le soláthar gnáthbhonneagair amhail araidí bruscair caighdeánacha ar an tsráid faoi thionscnamh ADI.



## 3.1 An Próiseas Iarratais

Ba é 6 Bealtaine 2022 an spriocdháta chun iarratais a fháil, agus thug na WERLAnna fógra d'iarratasóirí rathúla laistigh de mhí amháin ón dáta deiridh sin. Éilíodh ar roinnt iarratasóirí faisnéis bhreise a chur isteach roimh thosach feidhme na n-oibreacha agus b'éigean do gach iarratasóir a bheith i dteagmháil leis na WERLAnna ó thús deireadh an tionscadail.

Éilíodh ar na hiarratasóirí siúd ar éirigh lena dtionscadail an fhaisnéis seo a leanas a chur faoi bhráid na WERLAnna:

- Sular cuireadh tús leis an tionscadal, cuireadh plean tionscadail isteach - chun sonraí a chur san áireamh maidir leis an gcaoi a raibh feasacht faoi thionchar na dumpála mídhleathaí le múscailt ag an tionscadal.
- Tar éis an tionscadal a chríochnú, b'éigean gach tionscadal a chur i gcrích faoin 7 Deireadh Fómhair 2022, agus aighneacht a chur faoi bhráid na WERLAnna chun tuarascáil tionscadail, tuarascáil airgeadais deiridh agus sonrasc ar theimpléad arna chur ar fáil ag RCAC ar fáil a chur san áireamh.

## 3.2 Critéir Roghnúcháin don Tionscadal

**In Aguisín II i gciorclán ADI, leagadh amach go ndéanfaí measúnú ar na hiarratais úd a gheofaí faoi Thionscnamh Frithdhumpála 2022 mar seo a leanas:**

1 Gníomhaíochtaí beartaithe a díríodh ar na ceithre phríomhbheart dá dtagraítear i gCiorclán WP 03.22 i.e.

- i. Cosc
- ii. Laghdú
- iii. Oideachas agus Feasacht
- iv. Forfheidhmiú

2 Limistéir a aithníodh faoin tuarascáil le déanaí de chuid *Irish Business Against Litter* (IBAL).

3 Ailíniú leis na Tosaíochtaí Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola 2022-2024.

4 Méid na dumpála mídhleathaí sa limistéar tionscadail atá beartaithe. B'éigean grianghraif a chur isteach chun tacú leis an gcritéar sin.

5 Cóngaracht do SACanna / NHAanna srl.

6 Gníomhaíochtaí beartaithe lenar treisíodh an teachtaireacht náisiúnta forfheidhmithe dramhaíola agus lenar spreagadh úsáid na n-uirlisí náisiúnta forfheidhmithe dramhaíola atá ann cheana e.g. an líne náisiúnta gearán, an Fhoireann Uirlisí Frithdhumpála agus an aip *See it? Say it!* (**www.epa.ie**).

7 Gníomhaíochtaí beartaithe a bhí ceaptha leis an tuiscint náisiúnta ar na cúiseanna a bhaineann le dumpáil mhídhleathach a chur chun cinn, i.e. cad iad na tosca sóisialta agus eacnamaíocha a spreagann an iompraíocht sin?

8 I gcomhthéacs an bhainistithe dramhaíola, is féidir le húsáid na teicneolaíochta nua-aimseartha an tionchar a laghdú agus cur le laghdú fadtéarmach ar theagmhais dumpála mídhleathaí. D'fhéadfadh táirgí, seirbhísí nó feidhmchláir a bheith i gceist le tograí, amhail araidí dlúthaithe grianchumhachtaithe agus uirlisí íomhánna ón aer amhail dróin.

9 Gníomhaíochtaí beartaithe lenar léiríodh tionchar intomhaiste ar an riosca sonrach – díothú nó maolú substaintiúil.

10 Sonraí faoi aon chomhpháirtíocht tionscadail atá beartaithe le heagraíochtaí deonacha amhail:

- i. Grúpaí Pobail
- ii. Coistí Bailte Slachtmhara
- iii. Clubanna Spóirt

agus/nó ó Ghníomhaireachtaí Stáit eile amhail:

- iv. An tSeirbhís Phromhaidh
- v. Cosaint Shibhialta srl.

11 Sonraí maidir leis an gcaoi a ndéanfaí meastóireacht ar an tionscadal chun a éifeachtacht a chinneadh tar éis a chríochnaithe.

12 Miondealú de réir buiséid.

## 3.3 Tionscadail

**Bhí éagsúlacht ag baint le cineál agus scála na dtionscadal a cuireadh isteach lena mbreithniú agus áiríodh orthu:**

- Tionscadail i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta / Limistéir Oidhreachta Náisiúnta Beartaithe
- Aibhneacha / Siúlóidí Abhann
- Tránna
- Bealaí Siúlóide Radhairc / Díol spéise do Thurasóirí
- Limistéir Chónaithe atá so-ghabhálach do dhumpáil
- Limistéir atá so-ghabhálach do lonnaíocht neamhdhleathach
- Ionaid Fág Anseo
- Taobhshráideanna i gCeantair Uirbeacha atá so-ghabhálach do dhumpáil mhídhleathach
- Maithiúnas Tochtanna
- Maithiúnas don Dramhaíl Ghuaiseach
- Baint na Dramhaíola Téagartha
- Feistí Closamhairc a cheannach.
- Cosc Tinte Cnámh
- Rothair don Afraic
- Rothair ar son na hÚcráine

D'fhorbair údaráis áitiúla comhpháirtíochtaí le gníomhaireachtaí stáit eile ar go leor tionscadal.

## 3.4 Critéir Maoinithe Deontais

**Agus na hiarratais a fuarthas á mbreithniú, chloígh na WERLAnna leis na critéir iarratais ar dheontas seo a leanas:**

- Ní mór limistéir tionscadail a lonnú ar thalamh atá inrochtana go poiblí nó in aon áit atá infheicthe go méid ar bith ó áit phoiblí.
- Ba cheart go mbreithneofaí sna tionscadail lena mbaineann ábhar a dumpáladh go mídhleathach a ghlanadh ar bhearta coisctheacha a chur chun feidhme tuilleadh chun aon atarlú a laghdú.
- Déanfar breithniú fabhrach ar thionscadail ina léirítear cur chuige comhtháite a bhaineann le Gníomhaireachtaí Stáit eile amhail an Garda Síochána, Aonad Imscrúdaithe Speisialta na Roinne Coimirce Sóisialaí agus/nó na Coimisinéirí Ioncaim/Custam.
- Ní mór d'iarratasóirí a bheith in ann sonraí a chur ar fáil maidir le méid na dumpála mídhleathaí a tharlaíonn laistigh de limistéar an tionscadail. Ba cheart go n-áireofaí leis sin léarscáil den limistéar tionscadail ar a léirítear an suíomh dumpála reatha agus meastachán ar mhéid agus ar chineál na dramhaíola atá le glanadh.
- Ní chuirfear maoiniú ar fáil do thionscadail a bhfuil maoiniú malartach ar fáil dóibh – m.sh. glantacháin sciúrtha díosail, láithreáin stairiúla, Scéim Deontais Feasachta Frith-Bhruscair & Frith-Ghraifítí srl.
- Ní mhaoineofar tuarastail/pá.
- Ní mór don iarratasóir a léiriú go gcuirfear gníomhaíochtaí tionscadail i gcrích le linn 2022 agus tacóidh sé le tionscnaimh amhail:
  - Glantachán Náisiúnta an Earraigh, a bhíodh ar siúl go traidisiúnta i rith mhí Aibreáin ach is dócha go mbeidh sé ar siúl i rith an tsamhraidh mar gheall ar chás Covid faoi láthair. Leis an bhfeachtas seo, spreagtar gach earnáil den tsochaí páirt ghníomhach a ghlacadh agus freagracht a ghlacadh as glantacháin bruscair a dhéanamh ina dtimpeallacht áitiúil agus tacaíonn an Roinn go láidir leis.
  - Tionscadail Chósta Ghlain.
  - Seachtainí Glantacháin na nÚdarás Áitiúil.
- Ní mór don iarratasóir a léiriú go bhfuil imscrúduithe curtha i gcrích agus gur tionscnaíodh gníomhartha forfheidhmiúcháin i gcás inarb iomchuí.
- Ní mór d'iarratasóirí a n-éiríonn leo teagmháil thráthrialta a dhéanamh leis an WERLA ina Réigiún agus tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn agus ar chur chun cinn an tionscadail sna meáin araon.

# Cás-Staidéir Réigiúnacha 4



# Comhairle Contae an Chabháin

## Oibreacha Uasghrádaithe ar Ionaid Fág Anseo Athchúrsála

Comhairle Contae an Chabháin
Cavan County Council

## Riosca agus Tionchar

**Tionscadal um Chosc agus Feasacht chun saoráidí athchúrsála a fheabhsú i gContae an Chabháin.**

## Costas Foriomlán:

| | |
|---|---|
| **Fad Ama Tionscadail:** | **294 uair an chloig** |
| **Costas Tionscadail:** | **€31,811.89** |







## Achoimre

Ba thionscadal ilghnéitheach coiscthe dramhaíola é sin a rinne Comhairle Contae an Chabháin i gcomhar le WERLA Chonnacht Uladh agus leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun leanúint leis an athchóiriú ar Líonra Ionad Fág Anseo Athchúrsála na Comhairle.

Is éard a bhí i gceist leis comharthaíocht eolais fheabhsaithe a shuiteáil, lena n-áirítear comharthaíocht ar ghabhdáin athchúrsála aonair chun bearta feasachta agus cleachtais athchúrsála iomchuí a fheabhsú ag gach suíomh. Áiríodh leis an tionscadal seo oibreacha athchóirithe ag 3 láithreán ar fud an Chontae lena n-áirítear fásra a ghearradh siar ionas go mbeidh níos mó infheictheachta ann do chomharthaíocht agus d'oibreacha laghdaithe atá ann cheana féin chun carnadh dramhaíola taobh thiar de/faoi bhun g(h)abhdá(i)n a bhaint.






Bring Bank network extended

Cavan County Council recently extended its Recycling Bring Centre Network with the construction of a new Bring Centre at Mountnugent. The facility is located at the Mountnugent Community Centre and accepts plastic bottles, mixed glass bottles and jars, aluminium and tin cans and textiles.

This project forms parts of Cavan County Council's Litter Prevention and Control objective as set out in the Council's Litter Management Plan 2021 – 2024 which was adopted by Cavan County Council in 2021. Over the lifespan of the plan, the Council will seek to upgrade its recycling bring centre network by upgrading informational signage, improving the quality of recycling receptacles, increasing the recycling capacity (where possible) across as many locations as possible, and improving the aesthetic appearance of each location.

For more information on bring banks in County Cavan, see www.cavancoco.ie/bringbanks




## Sonraí Foriomlána

Ghlac Comhairle Contae an Chabháin lena nDréachtphlean nua Bainistíochta Bruscair, 2021-2024 i mí na Samhna 2021 agus tá siad ag obair go leanúnach chun na cuspóirí atá leagtha amach sa Phlean a bhaint amach. Tá "Oibriú Ionad Conláiste Cathartha agus Líonra Ionad Fág Anseo Athchúrsála" mar chuid de Chuspóir 1, agus leanfaidh sé de bheith ar thús cadhnaíochta inár seachadadh seirbhíse le linn shaolré ár bPlean Bainistíochta Bruscair.

Glacadh **Bearta Coiscthe agus Feasachta** trí chomharthaíocht eolais nua a chur ar fáil ag láithreacha roghnaithe Ionad Fág Anseo (nach raibh aon chomharthaíocht roimhe seo acu nó go raibh uasghrádú de dhíth ar an gcomharthaíocht reatha). Cuireann an chomharthaíocht nua in iúl don phobal cad is féidir a athchúrsáil ag Líonra na nIonad Fág Anseo, gur cion é aon earra dramhaíola a fhágáil ag gabhdáin athchúrsála nó gar dóibh agus faoi na pionóis a d'fhéadfadh a bheith i gceist as sin a dhéanamh. Chuir an Rannóg Bainistíochta Dramhaíola comharthaíocht bhreise faisnéise RGCS isteach freisin ar fud gach láithreán Ionad Fág Anseo ina n-úsáidtear TCI ónár n-acmhainní féin i Ráithe 1 de 2022 (roimh 2022 ADI).

## Torthaí

**Bearta Coiscthe & Feasachta:** Rinneadh oibreacha athchóirithe fairsinge ag Ionaid Fág Anseo Shearcóige, Mhuintir Chonnacht agus an Mhuilinn Iarainn lena n-áirítear fásra a ghearradh siar chun feabhas a chur ar infheictheacht an láithreáin, bearta laghdaithe ag gach suíomh, plionta coincréite agus fál teorann a shuiteáil chun Suíomh an Ionaid Fág Anseo a shainiú. Suiteáladh comharthaíocht eolais nua ag 4 ionad bhreise Ionad Fág Anseo.

**Bearta oideachais:** Mar chuid dár bhfeachtas feasachta don Lá um Chosc an Dramhbhia a reáchtáladh i mBaile an Chabháin agus ár bhFeachtas Oideachais um Fheasacht ar Bhruscar Guma Choganta, a reáchtáladh in Ionad Fág Anseo Achadh an Iúir, dháil baill foirne ón Rannóg Bainistíochta Dramhaíola pacáistí eolais ar an bpobal inar tugadh cur leideanna athchúrsála agus ina ndearnadh cur síos ar na saoráidí athchúrsála a chuireann Comhairle Contae an Chabháin ar fáil. Cuireadh leis na laethanta feasachta sin i bhfoirm feachtais ar líne trí ardáin mheán sóisialta, láithreán gréasáin agus airteagail na Comhairle sa nuachtán an Anglo Celt.

# Comhairle Contae Dhún na nGall

## Anailís ar Bhainistíocht Dramhaíola Tí

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

## Riosca agus Tionchar

**Tarraingíodh aird ar an ngá atá leis an tionscadal seo trí shonraí dramhaíola ina léirítear droch-rátaí leithscartha dramhaíola agus athchúrsála do Chontae Dhún na nGall.**

## Achoimre

Anailís ar bhainistíocht dramhaíola tí. Tarraingíodh aird ar an ngá atá leis an tionscadal seo trí shonraí dramhaíola ina léirítear droch-rátaí leithscartha dramhaíola agus athchúrsála do Chontae Dhún na nGall.

## Sonraí Foriomlána

Tarraingíodh aird ar an ngá atá leis an tionscadal seo trí shonraí dramhaíola ina léirítear droch-rátaí leithscartha dramhaíola agus athchúrsála do Chontae Dhún na nGall.


Tugadh cuairt ar thart ar 500 áitreabh tí ar fud Chontae Dhún na nGall le faisnéis a bhailiú faoi ghníomhaíochtaí bainistíochta dramhaíola.

Tugtar le fios ón bhfaisnéis a bailíodh go dtí seo trí phróiseas Alt 18 go bhfuil rátaí ísle scartha athchúrsála dramhaíola tí ann.

Tacóidh an obair seo le hobair forfheidhmiúcháin spriocdhírithe agus le tabhairt isteach na bhfodhlíthe do láithriú dramhaíola amach anseo, a bhféadfadh moill a bheith curtha orthu i nDún na nGall anois mar gheall ar an staid nach bhfacthas a macasamhail riamh cheana le Covid 19.

## Costas Foriomlán:

**Costas Tionscadail: €11,432.75**




Tugadh cuairt ar thart ar 500 teaghlach i ngach ceann de na 5 cheantar bhardasacha:

- **Bealach Féich/Srath an Urláir** (CB Leifir - Shrath an Urláir)
- **Baile Dhún na nGall** (CB Bhaile Dhún na nGall)
- **Bun Cranncha** (CB Inis Eoghain)
- **Na Gleannta** (CB na nGleanntach)
- **Leitir Ceanainn** (CB Leitir Ceanainn - Bhaile na nGallóglach)

Cuireadh agallamh ar gach teaghlach agus cuireadh eolas ar fáil dóibh.

Tacaíonn an obair seo le hobair forfheidhmiúcháin spriocdhírithe agus le tabhairt isteach na bhfodhlíthe um láithriú dramhaíola amach anseo.




## Torthaí

Cuireadh i dtábhacht leis an tionscadal seo, trí shonraí dramhaíola, na drochrátaí leithscartha dramhaíola agus athchúrsála do Chontae Dhún na nGall. Chuidigh faisnéis a bailíodh ar chleachtais bhainistíochta dramhaíola tí le réimsí faidhbe a shainaithint ionas gur féidir gníomhaíochtaí forfheidhmithe amach anseo a spriocdhíriú agus a dhíriú.

# Comhairle Cathrach na Gaillimhe

**Grá do Chathair na Gaillimhe**

Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

## Riosca agus Tionchar

**Tá an dumpáil mhídhleathach gránna, agus déanann sé dochar suntasach don chomhshaol agus don fhiadhúlra. Ina theannta sin, is baol é don tsláinte phoiblí, is féidir leis míolra a mhealladh agus d'fhéadfadh sé a bheith ina ghuais dóiteáin. Trí láithreáin dhumpála mhídhleathacha i gCathair na Gaillimhe a ghlanadh, chomh maith le bearta coisctheacha a chur chun feidhme ina dhiaidh sin, tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo líon na dumpála mídhleathaí sa chathair a laghdú.**

## Achoimre

Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal seo imeachtaí glantacháin ar scála mór agus comhordaithe i gCathair na Gaillimhe, idir ghlantacháin phobail ar spásanna poiblí sa chathair agus glantacháin na n-údarás áitiúil ar láithreáin dhumpála mídhleathaí aitheanta. Tar éis na nglantachán, cuireadh bearta coisctheacha agus laghdaithe chun feidhme, lena n-áirítear patróil maor pobail chun na ceantair a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu.



## Costas Foriomlán:

**Costas Tionscadail: €55,879.11**

ROIMH RÉ




INA DHIAIDH



## Sonraí Foriomlána

- **Rinneadh glantacháin pobail** i gcomhar le grúpaí pobail áitiúla agus An Taisce, lena n-áirítear glantacháin trá le Cóstaí Glana agus glantachán pobail sa Bhaile Bán, ceantar sa chathair a fuair grád íseal i dtorthaí IBAL na bliana seo.
- Gheall Comhairle Cathrach na Gaillimhe go mbainfí dramhaíl ó **láithreáin dhumpála mídhleathaí** aitheanta, lena n-áirítear glanadh Chanáil Eglinton agus áiteanna éagsúla ar fud na cathrach ina raibh méideanna dramhaíola carntha.
- **Oideachas comhshaoil:**
    - Ceardlanna scoile agus imeachtaí oideachasúla teaghlaigh eagraithe
    - Forfheidhmiú comhshaoil
    - I gcomhar le **Feachtas Forfheidhmiúcháin Fodhlíthe Dramhaíola na Comhairle**, dírítear ar theaghlaigh atá gar do shuíomhanna dumpála mídhleathaí don fheachtas seo.
- **Bearta coisctheacha:**
    - Mar thoradh ar dheisiúcháin bhalla a rinneadh sa reilig i Rathún, a raibh cásanna dumpála mídhleathaí feicthe acu, tá laghdú tagtha ar líon na gcásanna den chineál sin ó cuireadh na hoibreacha i gcrích.
    - Cuireadh araidí bruscair gréine nua i bpoist straitéiseacha, lena n-áirítear ag Canáil Eglinton, agus suiteáladh comharthaíocht sa chathair.
- Cuireadh béim ar spásanna gorma sa tionscadal *Love Galway City* le **Lá Grá don Trá** agus **Seachtain Grá don Trá** ag fáil maoiniú tríd an Tionscnamh Frithdhumpála.




## Torthaí

- Cathair níos glaine, le líon laghdaithe dumpála mídhleathaí.
- Feasacht mhéadaithe an phobail, trí rannpháirtíocht an phobail agus clúdach sna meáin.
- Dramhaíl a ghlanadh agus a bhaint ó láithreáin dhumpála mídhleathaí.
- Bearta a chur chun feidhme atá dírithe ar atarlú dumpála mídhleathaí a chosc ag suíomhanna ar leith laistigh de Chathair na Gaillimhe.
- Comhoibriú tras-rannach feabhsaithe laistigh de Chomhairle Cathrach na Gaillimhe chun dul i ngleic leis an dumpáil mhídhleathach, lena n-áirítear comhthionscadail idir na Ranna Tithíochta & Comhshaoil agus na Ranna Tithíochta agus Páirceanna maidir le dramhaíl.
- Dea-chaidreamh oibre a chothú idir Comhairle Cathrach na Gaillimhe agus páirtithe leasmhara eile (lena n-áirítear coláistí, gnólachtaí agus comhaltaí tofa).

# Comhairle Contae na Gaillimhe

**Feachtas feasachta maidir le bailitheoirí dramhaíola bréagacha**

Comhairle Chontae na Gaillimhe
Galway County Council

## Riosca agus Tionchar

**Tá bailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe freagrach as cuid mhór den dumpáil mhídhleathach i gContae na Gaillimhe.**

## Costas Foriomlán:

| | |
|---|---|
| **Costas Foriomlán:** | **€4,655.55** |

**Clár fógraí a bhí ar taispeáint ar fud an chontae.**




## Achoimre

Fruiliú Clár Fógraí le teachtaireacht frithdhumpála ag 4 shuiomh sa chontae ina raibh amhras ar an gComhairle go raibh bailitheoirí neamhúdaraithe ag feidhmiú. Bunaíodh seicphointí forfheidhmithe dramhaíola i gcomhar leis an nGarda Síochána i réimsí éagsúla agus fuarthas comharthaíocht seicphointe nuashonraithe don mhéid céanna.



**Seicphointe Forfheidhmithe Dramhaíola atá i bhfeidhm.**

## Torthaí

- Feasacht mhéadaithe i measc an phobail faoi na contúirtí a bhaineann le bailitheoirí neamhúdaraithe a fhostú agus daoine a spreagadh chun bailitheoirí údaraithe dramhaíola a fhostú ach amháin nuair a bhíonn a gcuid dramhaíola á diúscairt acu, go háirithe earraí toirtiúla.
- Eisíodh roinnt fógraí pionóis sheasta, agus seoladh comhad amháin le haghaidh chaingean dlí tar éis seicphointí forfheidhmiúcháin.

# Comhairle Contae Liatroma

## Feachtas feasachta ar an mbruscar ar na meáin shóisialta

Comhairle Chontae Liatroma
Leitrim County Council

### Riosca agus Tionchar

**Ábhar a cruthaíodh mar chuid den fheachtas, ní féidir é a chomhroinnt go horgánach.**

**Ní féidir an teachtaireacht san ábhar a shainaithint agus a fháil.**

### Costas Foriomlán:

| | |
|---|---|
| **Maoiniú ADI:** | **€22,572.66** |
| **Costas Iomlán an Tionscadail:** | **€30,638.08** |


### Achoimre

Bhí sé mar aidhm ag Comhairle Contae Liatroma Frithdhumpáil/Frithbhruscar a chur chun cinn faoi chlár WERLA do 2022. Ba é an cúram feachtas saincheaptha a bhí dírithe ar na meáin ag tarraingt ar fheachtais agus straitéisí náisiúnta atá ann cheana féin, do Chontae Liatroma chun an teachtaireacht a chur chun cinn. Is é cuspóir an fheachtais feasacht saoránach ar an bhFeachtas Frithdhumpála/Frithbhruscair a fhorbairt agus a chomhordú agus toradh a bheith ar athrú dearfach iompraíochta i dtreo Frithdhumpála/ Frithbhruscair, Íoslaghdú Dramhaíola agus Geilleagar Ciorclach.

### Sonraí Foriomlána

I mí an Mhárta 2022, rinne Comhairle Contae Liatroma tairiscint ar fheachtas margaíochta agus d'fhostaigh siad WTP [We The People] Social Marketing Agency. Ba é cuspóir an fheachtais plean meán a chruthú agus a chur i bhfeidhm ar fud ardáin mhargaíochta an Raidió, na Meán Clóite agus na meán sóisialta.

- **Príomhchinntí an fheachtais** - cé air a ndírímid? Agus cad é an modh is fearr chun an pobal sin a bhaint amach?
- **Roghnú an spriocphobail phríomha** - Cé hiad na déantóirí? Agus cén fáth a ndéanann siad é?



## Sonraí Foriomlána (ar lean.)

De réir taighde idirnáisiúnta bhí a dhá oiread seans ann go mbeadh bruscar caite ag fir óga mar ghrúpa [16 – 25 bliana d'aois] agus d'admhaigh an tríú cuid díobh gur chaith siad bruscar. Fuarthas amach i staidéir freisin go raibh easpa feasachta ann maidir le héifeachtaí iartheachtacha bruscair ar an gcomhshaol.

https://issuu.com/hubbubuk/docs/big_boys_don_t_litter_report_2021_

**Big Boys Don't Litter | Research Tuarascáil Taighde 2021 | Hubbub**

**Modh/cainéal chun spriocluchtféachana a bhaint amach:**

- Prionsabail na cumarsáide le fir óga:
  - Greann a úsáid
  - Teachtairí ionbháúla a aimsiú
  - Nasc a chruthú idir gníomh agus iarmhairt
  - Inneachar inroinnte a chumadh
  - Gan a bheith an-tugtha do bhreithiúnais a thabhairt

### Tionchairí - TikTok / Instagram

Rinneadh cinneadh dul i gcomhpháirtíocht le tionchairí TikTok, Ralph McKeown & Seamus Lehane, ag a bhfuil lucht leanúna mór leis an spriocluchtféachana agus ton ceart agus don fheachtas. D'oibrigh WTP go dlúth leis an mbeirt tionchaiarí chun a gcoincheapa físeáin a fhorbairt. Thug físeáin Ralph agus Shéamuis araon a mbua grinn féin leo, a cónascadh le príomhtheachtaireacht an fheachtais, rud a thug deis dá stíleanna grinn agus dá gcruthaitheacht an feachtas a thabhairt i dtreonna nua.

I measc na gcoincheap den treoir chruthaitheach bhí CLG, coimhlintí idirchontae, ag baint úsáid as mana an fheachtais chun an t-ábhar a nascadh. **#nobodywantstoseeyourjunk**

D'amharc Comhairle Contae Liatroma ar an ábhar ar fad lena chinntiú gur léiríodh leis an teachtaireacht an branda 'Contae Liatroma'.



NEWS 11

Give rubbish the boot - Council join up with TikTok star for new campaign






Leitrim GAA on Twitter: "RT @leitrimcoco: It's time to give rubbis...

https://twitter.com/LeitrimGAA/status/1573049...

Web RT @leitrimcoco: It's time to give rubbish the boot. Duet with your own trick shot video #Leitrim is cleaning up. ...

### Póstaeir sa Seomra Níocháin: An-spriocdhírithe, éifeachtach ó thaobh costais de, agus úsáideann teachtaireachtaí greannmhara

Cuireadh póstaer suas in 20 ionad siamsaíochta ghnóthacha ar fud Chontae Liatroma a mbíonn an-tóir ag daoine óga orthu. Aithníodh san fheachtas an tionchar a bheadh ag an gcineál sin fógraíochta a chur i seomraí níocháin, rud a chinntigh gur mealladh fir óga leis an mana fonóideach.

## Sonraí Foriomlána (ar lean.)

### Feachtas caidrimh phoiblí

D'fhorbair feachtas caidrimh phoiblí preasráiteas saincheaptha chun an seoladh a phoibliú don fheachtas 'Nobody Wants to See Your Junk' . Agus feachtas nua-aimseartha, fuaimintiúil Chomhairle Contae Liatroma á chur i dtábhacht, tarraingíodh aird faoi leith ar rath an fheachtais tionchairí. Lean na meáin chlóite agus raidió áitiúla ar fad ar an bhfeachtas le hagallaimh agus ailt.

### Plean aimpliúcháin áitiúil

Chuaigh foireann Chomhairle Contae Liatroma i dteagmháil le CLG Chontae Liatroma chun ábhar na meán sóisialta agus teachtaireachtaí frithbhruscair a chur chun cinn tuilleadh. Roinn CLG Liatroma an t-ábhar leis na clubanna ar fad sa chontae. Tuilleadh rannpháirtíochta le clubanna aonair sa chontae agus le himreoirí contae chun na TikTokanna a scaipeadh ar bhealach orgánach.


NEWS
Leitrim County Council utilising TikTok for latest litter awareness campaign
Shannonside Newsletter


leitrimlive
HOME LOCAL NEWS SPORT NATIONAL NEWS WHAT'S ON PICTURES & VIDEOS BUSINESS PROPERTY MOTORING WEATHER
LOCAL NEWS
Leitrim County Council unveils cheeky new anti-littering campaign
Leitrim County Council's 'Nobody Wants To See Your Junk' campaign aims to reduce the amount of litter in and around Leitrim. The integrated campaign uses influencer and out-of-home advertising to reach the youth market with ...

## Toradh

Tá 37,087 nduine ina gcónaí i gContae Liatroma sa bhliain 2022.

Déantar na Meáin Shóisialta a chomhaireamh de réir líon na n-amharc. 49K amharc ar TikTok amháin. **https://www.tiktok.com/tag/nobodywantstoseeyourjunk**

- Comhairle Contae Liatroma ar na meáin shóisialta, Facebook, Twitter, agus Instagram.
- Facebook- D'amharc 4,949 nduine ar 50 idirghníomhú dearfach.
- CLG Liatroma – thacaigh sé go hoifigiúil leis an bhfeachtas trí ábhar ar na meáin shóisialta a chomhroinnt.
- Líonra clubanna CLG – Rinneadh teagmháil le baill na gclubanna i Liatroim agus comhroinneadh naisc trí ghrúpaí WhatsApp an chlub. Leitrim Observer / Leitrim Live [lucht féachana 56K ar an suíomh gréasáin & na meáin shóisialta] - Rith an páipéar ailt ar na meáin chlóite agus shóisialta ar inneachar TikTok agus ar phóstaeir an tseomra níocháin.
- Shannonside Radio [lucht féachana 67K ar an suíomh gréasáin & na meáin shóisialta] – Alt ar na meáin shóisialta – Cuireadh an tOifigeach Feasachta Comhshaoil faoi agallamh ar sheó am lóin. An feachtas agus nuálaíocht an ardáin a úsáidtear a chur chun cinn.
- Meastachán ar Aimsiú lucht féachana iomlán an fheachtais - 203,800k.

Bhí tionchar tosaigh an fheachtais ar TikTok láidir agus tá lucht féachana ag fás fós mar gur choinnigh an bheirt tionchairí an t-ábhar ar an ardán sin.

# Comhairle Contae Mhuineacháin

## Glantachán - Cúlchríocha Pháirc Uí Néill Céim 2

### Riosca agus Tionchar

**Baol ard truaillithe aeir agus uisce, agus an tionchar sláinte a bhaineann leis. Riosca méadaithe d'inmhíolú míolra i maoin áitiúil.**

### Achoimre

Glanadh na gcúlchríoch in eastát Tithíochta Uí Néill i gCluain Eois.

### Sonraí Foriomlána

Is ceantar ar chúl theach na comhairle atá ann cheana féin é na cúlchríocha i bPáirc Uí Néill. Is limistéar talún é ina bhfacthas an diúscairt mhídhleathach agus an dumpáil mhídhleathach araon. Bhí ábhar bainte ag foireann an Cheantair Bhardasaigh sular leithdháileadh an maoiniú. Cuireadh na hoibreacha feabhsúcháin seo a leanas i gcrích leis an leithdháileadh maoiniúcháin ADI 2022:

- Seanfhálú a bhaint agus fálú nua a chur ina áit.
- Ábhar dramhaíola a bhaint
- Bóthar rochtana a athnuachan.

### Costas Foriomlán:

€15,511.19

ROIMH RÉ



INA DHIAIDH



### Torthaí

Bhí an t-aiseolas ó mhuintir na háite tar éis chríochnú na hoibre sin thar a bheith dearfach. Cuireann na hoibreacha feabhas ar aeistéitic chúlchríocha Uí Néill mar a thaispeántar go soiléir sna grianghraif thuas. Tá an tionscadal laghdaithe / feasachta seo dírithe ar dhumpáil bhreise a íoslaghdú amach anseo.



# Comhairle Contae Mhaigh Eo

## Cosc Tinte Cnámh

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

### Riosca agus Tionchar

**Uaireanta úsáidtear Oíche na dTinte Cnámh mar bhealach chun dramhaíl a dhiúscairt go mídhleathach, go háirithe dramhaíl théagartha i gcodanna tuaithe den chontae ina bhfuil diúscairt údaraithe níos deacra.**

### Costas Foriomlán:

**€20,845**





### Achoimre


Díríodh an tionscadal seo ar 'Oíche na dTinte Cnámh', ar traidisiún í ar fud iarthar na hÉireann ar an 23úMeitheamh. Tá an tionscadal ar siúl le 4 bliana anuas agus baineann sé le bailiúcháin dramhaíola téagartha saor in aisce i gceantair ina bhfuil go leor ábhar dramhaíola sna tinte, chomh maith le roinnt tinte cnámh móra a bhaint sula ndóitear iad.

### Sonraí Foriomlána

Cuireadh bailiúcháin dramhaíola téagartha saor in aisce ar fáil d'Oileáin Mhaigh Eo, áit a bhfuil diúscairt dramhaíola téagartha thar a bheith deacair. Bhí glacadh maith ag an ócáid sin sa dá oileán, agus tuairiscíodh go raibh na tinte cnámh a bhí mar thoradh air an-ghlan. Reáchtáladh ócáid dramhaíola téagartha níos mó i mBaingear i dTuaisceart an chontae. Ní raibh an glacadh chomh mór agus a raibh coinne leis ach b'fhéidir gur léiriú é ar an bhfíoras gur cuireadh imeachtaí saor in aisce ar fáil don cheantar sin le roinnt blianta anuas. Baineadh tinte cnámh dramhaíola as 2 láthair.

## Torthaí

Tógann an tionscadal seo ar obair na mblianta roimhe seo, agus táimid fós ag feiceáil níos lú dramhaíola á diúscairt i dtinte cnámh. Mar thoradh ar mheascán feasachta (i bhfoirm comharthaíochta ag láithreacha aitheanta tinte cnámh, agus físeán ar na meáin shóisialta ina leagtar amach na contúirtí a bhaineann le dramhaíl a dhó), imeachtaí dramhaíola téagartha agus baint tinte cnámh dramhaíola, tá tinte cnámh níos glaine agus dramhaíl á hatreorú lena haisghabháil.









**Baint na dTinte Cnámh**

# Comhairle Contae Ros Comáin

## Earraí Toirtiúla & Bailiúchán Tochta


### Riosca agus Tionchar

**Earraí deacra do shealbhóirí tí fáil réidh leo. Is minic a fhaightear na cineálacha earraí sin dumpáilte faoin tuath agus sna portaigh. Tugann an tionscnamh seo deis don phobal fáil réidh le hearraí i gceart ar tháille ainmniúil.**

### Costas Foriomlán:

**€54,499.64**




### Achoimre

I measc na n-earraí a bailíodh bhí troscán cumhdaithe, tolg, cathaoireacha, foirne itheacháin lasmuigh, cairpéid, tochtanna, svuíteanna seomra folctha agus leapacha dibheáin.

4 bhailiúchán a tionóladh i rith mhí an Mheithimh 2022 – ceann amháin ag gach Láithreán Conláiste Cathartha de chuid Chomhairle Contae Ros Comáin.

### Sonraí Foriomlána

- Bronnadh an conradh ar Bounce Back Recycling chun toilg, cathaoireacha, tochtanna, agus boinn leapa dibheáin a bhailiú.
- Bronnadh an conradh ar Barna Recycling chun na hearraí/hábhair théagartha a bhailiú
- Bailíodh an méid seo a leanas:
  - 27,830 kg de dhramhaíl théagartha
  - 1,082 Thocht
  - 209 dTolg
  - 260 Bonn Leapa
  - 280 Cathaoir

## Torthaí

- 4 bhailiúchán ar fud an chontae.
- Bhain 460 úsáideoir leas as an tseirbhís thar na 4 lá bailiúcháin.
- Fógraíocht déanta go forleathan ar na meáin áitiúla (nuachtáin & raidió) agus ar leathanaigh meán sóisialta Chomhairle Contae Ros Comáin.
- Bileoga eolais á scaipeadh ag Láithreáin Conláiste Cathartha roimh an imeacht chun baill den phobal a chur ar an eolas faoi dhátaí bailiúcháin le teacht.
- Feasacht maidir le feachtais a mhaoinítear faoi ADI le heagrú do na meáin shóisialta.













# Comhairle Contae Shligigh

## Rothair don Afraic


Sligo County Council
Comhairle Chontae Shligigh

### Riosca agus Tionchar

**Diúscairt neamhriachtanach rothar úsáideach ar féidir le daoine atá i ngátar iad a uaschúrsáil agus a athúsáid.**

### Costas Foriomlán:

**€9,000**




### Achoimre

Is é an tionscnamh 'Rothair don Afraic' an áit a nglacann Comhairle Contae Shligigh le tabhartais de rothair nach dteastaíonn a stóráiltear ar an láthair agus a iompraítear ansin lena ndeisiú ag cimí i dTeach an Locháin & Mainistir Shelton agus a sheoltar lena seachadadh ar aghaidh go dtí an Afraic.

### Sonraí Foriomlána

Reáchtáladh an tionscnamh 'Rothair don Afraic' i gcomhar le *Rotary Ireland* agus *Sligo Rotary Club*. Tionscnamh é seo a raibh an-tóir air. Fógraíonn Comhairle Contae Shligigh go mbronnfar rothair nach dteastaíonn mar thabhartas. Stóráiltear iad ar an láthair ag an gComhairle agus ansin iompraítear iad go dtí Teach an Locháin agus Mainistir Shelton, áit a ndeisítear iad. Cuidíonn sé sin leis an oideachas freisin mar go gcuireann sé ar chumas daoine i dTeach an Locháin agus i Mainistir Shelton staidéar a dhéanamh ar chúrsa de chuid City and Guilds/FETAC sa Mheicnic Rothar, rud a chabhraíonn leo filleadh ar an tsochaí agus a n-ionchais fostaíochta a fheabhsú.

## Torthaí

- Laghdaigh tabhartas rothar diúscairt nó féidearthacht na dumpála mídhleathaí do rothair sheanchaite.
- Tá oideachas á chur ar fáil aige dóibh siúd i dTeach an Locháin agus i Mainistir Shelton. Agus tá páistí san Afraic ag baint úsáide as na rothair athchúrsáilte sin agus iad á n-úsáid le dul ar scoil srl.
- Tá bailiúchán rothar ar siúl faoi láthair agus beidh áit ann do mhuintir Shligigh seanrothair a bhronnadh mar thabhartas ar an togra fiúntach seo as seo amach.
- Tá thart ar 20 rothar sa choimeádán faoi láthair agus déanfar an chéad bhailiúchán eile a sceidealú níos déanaí san fhómhar. Bailíodh lán-ualach coimeádán de 152 rothar níos luaithe in 2022.
- Is iontach an rud é go bhfuil cónaitheoirí Shligigh ag tacú go leanúnach leis an tionscadal seo.



# WERLA Chonnacht Uladh

## Teicneolaíocht Drón

connacht - ulster
waste region

## Achoimre

Bhain WERLA CU úsáid as an maoiniú chun lámhleabhar oibríochta drón a fhorbairt do Chomhairle Contae Liatroma.

## Costas Foriomlán:

**€12,890**

## Sonraí Foriomlána

In 2021 cheannaigh WERLA CU drón suirbhéireachta Matrice 300 RTK chun cumais seirbhíse na hoifige don réigiún a fheabhsú. Tá sonraíocht tráchtála ag an drón ar féidir leis íomhánna ardchaighdeáin a ghabháil ag baint úsáid as ceamara lánfhráma.

Forbraíodh an lámhleabhar oibríochtaí chun oibriú leanúnach na teicneolaíochta dróin laistigh de WERLA CU a éascú. Comhlíonann sé na ceanglais faoi Rialachán (AE) 2019/947/945 ina leagtar amach na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le hoibriú Córas Aerárthaí Gan Foireann (UAS).



## An Oifig Réigiúnach um Pleanáil Bainistíochta Dramhaíola (RWMPO)

### Sóisialta & Digiteach

#### Costas Foriomlán:

**€33,000**

#### Achoimre

Reáchtáladh feachtas sóisialta agus digiteach i rith mhíonna na Bealtaine – Mheán Fómhair 2022 chun teachtaireachtaí ginearálta frithbhruscair agus frithdhumpála a chur chun cinn.









# Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath

## Tionscadal Bithéagsúlachta, Garrán an tSabhaircín Dharndál

Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath
Dublin City Council

## Riosca agus Tionchar

**Tá bruscar a dumpáladh go mídhleathach á chur trí thine ar an bhféarach ar bhonn tráthrialta, rud lena mbaineann guaiseacha tuisle / radhairc ghránna / srianta ar úsáid spáis oscailte ghlais phoiblí/damáiste don chomhshaol; caithfear iarraidh ar na seirbhísí éigeandála na tinte a mhúchadh, rud a chuireann a gcuid acmhainní faoi bhrú. Contúirt d'fhoireann CCD a chaithfidh é a ghlanadh.**

## Achoimre

Is é seo Céim 2 ag Garrán an tSabhaircín i nDarndál. D'éirigh chomh maith sin le Céim 1 gur cinneadh an méid a rinneadh a mhacasamhlú ar an bpríomhláthair dumpála mídhleathaí seo in aice láimhe. Ba é an cuspóir a bhí leis an spás glas oscailte seo a imfhálú agus a fheabhsú, spás atá buailte i gcónaí le scriosdónna agus dumpáil dramhaíola tí agus bithéagsúlacht a thabhairt isteach trí chrainn agus plandú carraige ar fud limistéar na páirce.



## Costas Foriomlán:

**€49,172.07**

## Sonraí Foriomlána

Thosaigh conraitheoirí air trí gach ábhar ithreach a bhaint den suíomh agus chinntigh siad go raibh sé glan. Rinneadh an talamh a thochailt ansin chun an balla plionta a shuiteáil chun an ráille nua a chur isteach ann. Soláthraíodh ráillí barr bogha cruach boige 20mm ar thiús 1.2m ar airde agus 185x129.95 agus feistíodh ar fud imlíne an tsuímh iad. Bhí siad sin feistithe le príomhchuaillí 50x50 a raibh boltaí scoilte frith-loitiméireachta orthu. Chuir an conraitheoir múnla MEVA ar fáil agus in airde freisin agus chuir sé múnla timpeall ar bharraí a bhí ag teacht ó na bunsraitheanna agus chuir sé coincréit 35no10 leis an múnla. Tá na ráillí críochnaithe anois, agus tá an spás glas faoi iamh. D'oibrigh Sharon Harvey ó Golden Harvest ar an limistéar bithéagsúlachta a chruthú. Bhí leanaí áitiúla agus leanaí ó na scoileanna in aice láimhe páirteach inti, agus buntáistí an dúlra agus na bithéagsúlachta á múineadh dóibh. Tá Sharon an-dírithe ar chuimsiú sóisialta agus d'oibrigh sí go leor le grúpaí a fhágtar ar imeall na sochaí de ghnáth.






Íomhá ina dtaispeántar an obair idir lámha ar an suíomh

## Torthaí

- Chuir an balla plionta mórthimpeall an limistéir ghlais bac ar ghluaiseacht ábhar dumpáilte.
- Tá teorainn cruthaithe ag na ráillí a chuireann cosc ar ábhair dul isteach sa limistéar glas.
- Tá feabhas mór tagtha ar chuma Gharrán an tSabhaircín.
- Tá teagmháil déanta againn le roinnt cónaitheoirí áitiúla atá ag iarraidh an ceantar a choinneáil glan, agus tá siad curtha ar bun againn mar ghrúpaí comhshaoil chun bruscar sa cheantar a bhaint. Tá mórtas ceantair níos mó i measc na ndaoine ann.
- Tá sceitimíní ann maidir leis an limistéar bithéagsúlachta a chur leis. Bhí meas ag na leanaí ar a bheith ag obair leis an nGairneolaí Sharon Harvey, tar éis di casadh orthu ar thograí eile sa cheantar.

### Tabhair faisnéis ar an tonnáiste a baineadh agus an costas a bhaineann le baint in aghaidh an tona/ tochta/ earra théagartha:

- 18 dtona dramhaíola atá bainte den suíomh le bliain anuas ar chostas €92 in aghaidh an tona = €1656.00.



# Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin

**Tionscadal 'Bailiúchán Dramhaíola Guaisí'**

## Riosca agus Tionchar

**RIOSCA: Déantar dramhaíl ghuaiseach a dhiúscairt i mbailiú araidí rotha, déantar í a dhumpáil nó a dhiúscairt síos draenacha.**

**TIONCHAR: Laghdú a dhéanamh ar an méid dramhaíola guaisí tí a thugtar do bhailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe nó a dhumpáiltear go mídhleathach.**

## Achoimre

Tionóladh Bailiúchán Dramhaíola Guaisí an 4 Meán Fómhair 2022 ag Cuan Dhún Laoghaire.

## Costas Foriomlán:

**€23,855.82**


## Sonraí Foriomlána

Ba imeacht maithiúnais é seo don dramhaíl ghuaiseach tí a ritheadh mar bheart coisctheach. Bhí an dramhaíl ghuaiseach a d'fhéadfaí a thabhairt do bhailitheoirí dramhaíola neamhúdaraithe á láimhsiú i gceart, rud a chuir cosc ar dhumpáil mhídhleathach na dramhaíola sin ar fud an Chontae.



## Torthaí

- Ní dhéantar gach dramhaíl ghuaiseach a dhumpáil go mídhleathach ach bhí an ócáid seo dírithe ar an méid a d'fhéadfadh a bheith ann a laghdú.
- Bailíodh 16.55 tona de dhramhaíl ghuaiseach san iomlán ar an lá.
- Fógraíodh an tImeacht trí chainéil éagsúla sna meáin chun cabhrú le feasacht a mhúscailt ar an bhfadhb, e.g. na meáin shóisialta, facebook, twitter agus instagram agus suíomh gréasáin na Comhairle.
- Crochadh fógraíocht i bhfoirm comharthaí don imeachta ag Páirc Athchúrsála Bhaile Uí Ógáin, Ionad Athchúrsála Pháirc Éidin agus Ionad Athchúrsála Sheangánaí agus ar bhóithre éagsúla ar fud an chontae an ócáid chomh maith.
- Cuireadh comhairleoirí ar an eolas roimh ré agus chuidigh siad leis an lá a chur chun cinn.
- Cuireadh grúpaí pobail ar an eolas roimh ré freisin agus chuir siad an t-imeacht chun cinn trína mballraíocht agus tríd an bpobal i gcoitinne.









# Comhairle Contae Fhine Gall

## Tionscadal Thionscnamh Garda Pobail Fhionnghlaise

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

## Riosca agus Tionchar

**Riosca suntasach an truaillithe comhshaoil ó mhíbhainistiú dramhaíola. Tionchair ar screamhuisce, uisce dromchla agus ithir ó dhramhaíl. Dóiteáin fhéideartha ó ábhar dramhaíola a dumpáladh go mídhleathach agus a mbaineann baol mór leis do thithe in aice láimhe. Tionchar diúltach ar an éiceachóras máguaird chomh maith le mealladh ainmhithe fiáine agus creimirí.**


## Costas Foriomlán:

**€30,000**



## Achoimre

Patróil Forfheidhmithe Dramhaíola, Seicphointí agus bailiú faisnéise spriocdhírithe i gceantar Fhionnghlaise ag An Garda Síochána le cúnamh ó oifigigh Forfheidhmithe Dramhaíola FCC thar thréimhse 3 mhí. Sainaithníodh limistéir shonracha a bhí buailte go mór ag fadhb na dumpála mídhleathaí agus gníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathacha.



## Sonraí Foriomlána

Fostaíodh Aonad Póilíneachta Pobail Fhionnghlaise ar feadh tréimhse 2 mhí chun díriú ar cheantair a bhí buailte go mór le dumpáil mhídhleathach, bailiú dramhaíola mídhleathach agus gníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathacha eile amhail Feithiclí a bhfuil a Ré Caite. Díríodh ar shuíomhanna ardtosaíochta / ardriosca trí phatróil, seicphointí agus bailiú faisnéise méadaithe i bpríomhcheantair ar nós Naomh Muire, Naomh Críostóir, Lóiste an Sciobóil, Cheapaí, Lána na Bá agus Lána Dhún Sinche i bhFionnghlas. Chabhraigh oifigigh forfheidhmithe dramhaíola Chomhairle Contae Fhine Gall leis na Gardaí ar bhonn seachtainiúil agus chuir siad comhairle theicniúil ar fáil maidir le cúrsaí a bhaineann le dramhaíl. Bhí éifeacht dhíreach ag láithreacht mhéadaithe na nGardaí agus na oifigigh forfheidhmithe dramhaíola FCC ag na suíomhanna sin le laghdú suntasach ar ghníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathacha agus ar dhumpáil le linn mhíonna Lúnasa, Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair.

## Torthaí

- Faisnéis chriticiúil a sholáthar ar shuíomhanna tosaíochta ina raibh gníomhaíochtaí dumpála mídhleathacha/dramhaíola mídhleathacha ina bhfadhb. D'éascaigh sé sin an phleanáil agus an feidhmiú éifeachtach d'oibríochtaí glantacháin, bailiú fianaise le haghaidh ionchúisimh agus faireachán leantach agus patróil.
- Bhí tionchar díreach ag láithreacht mhéadaithe ar an talamh trí phatróil agus seicphointí chun dumpáil mhídhleathach a laghdú agus comhlíontacht a mhéadú i dtéarmaí gluaiseachtaí dramhaíola.
- Oifigigh AGS a údarú faoi WMA chun éifeachtacht phatróil dramhaíola a mhéadú i rith mhíonna Lúnasa, Mheán Fómhair agus Dheireadh Fómhair.
- Tuilleadh dumpála ag na láithreáin sin a dhíspreagadh.

| | |
|---|---|
| **Patróil a Rinneadh:** | **238** |
| **Faisnéis Iomlán:** | **114** |
| **Teagmhais a braitheadh:** | **50** |
| **Seicphointí a rinneadh:** | **30** |
| **Feithiclí a coimeádadh:** | **4** |
| **Rabhaidh faoi Alt 14:** | **5** |







# Comhairle Contae Chill Dara

**Bóthar Dola idir an Cheapach agus an Baile Nua i gCill Íochtair Thíre**

Comhairle Contae Chill Dara
Kildare County Council

## Riosca agus Tionchar

**Ós rud é go bhfuil tailte feirme in aice láimhe agus an ceantar á n-úsáid mar shiúlbhealach áitiúil do chónaitheoirí chun siúlóid agus aclaíocht a dhéanamh, tá baol mór ag baint leis an limistéar seo do chónaitheoirí, d'ainmhithe feirme agus don fhiadhúlra ginearálta sa riocht ina bhfuil sé faoi láthair.**

## Achoimre

Rinne an conraitheoir stráice den bhóthar a ghlanadh suas. Tógadh comhartha saincheaptha amháin a bhí plátáilte le miotal 'Cosc ar Dhumpáil' air le cuaillí cruach. Tá bacainn srianta airde curtha in airde chun tuilleadh campaí mídhleathacha a chosc agus chun stop a chur le dumpáil mhídhleathach ar mhórscála. Bhain comhairleoirí áitiúla úsáid as na meáin shóisialta chun an teachtaireacht a chur chun cinn dár bpobal áitiúil.

## Costas Foriomlán:

**€13,335.95**

## Sonraí Foriomlána

Is é an ceantar is ábhar imní ná an Bóthar Dola ar bhóthar tuaithe (thart ar 1km ar fhad) atá ina nasc le ceanncheathrú Bhóthar Dola an M4 agus na tailte feirme máguaird. Tá an ceantar faoi réir leibhéil thromchúiseacha dumpála mídhleathaí, idir dhramhaíl tí, dhramhaíl tráchtála, throscán a chaitear amach, bhoinn agus earraí leictreacha. Táthar in amhras go bhfuil cuid den dramhaíl á hiompar ar bhonn tráchtála i bhfianaise mhéid na dramhaíola.

Mar bheart frithghníomhach, dearadh/suiteáladh roinnt comharthaí saincheaptha chun a chur in iúl nach dteastaíonn ón bpobal áitiúil go ndéanfaí dramhaíl a dhumpáil sa cheantar. Treisíonn an chomharthaíocht a suiteáladh an teachtaireacht agus seasann sí amach i gcomparáid le comharthaí caighdeánacha "Cosc ar Dhumpáil". Bhí teagmháil ann freisin le hoibrithe deonacha áitiúla a bhí ag cabhrú cheana féin leis an gceantar a choinneáil glan.



## Torthaí

- Níor tharla aon dumpáil shuntasach ó cuireadh an bhacainn agus an comhartha in airde, agus mar sin tá súil againn go mbeidh sé seo, i dteannta fhoraireadall leanúnach na n-áitritheoirí, ina dhíspreagadh d'aon atarlú.
- **Dramhaíl bainte:**
  - Earraí toirtiúla bainte (tolg, mála scipe, leaba, tocht, fuinneoga, agus doirse)
  - Dramhaíl Ghlas 16 thona
  - 5.5 tona de bhruscar measctha.













LIFFEY CHAMPION

Number 1450 Saturday, 28th May 2022 €2.00

Cllr. Brendan Wyse

FINE GAEL

DECLAN'S CHARITY SWIM TO RAISE AWARENESS FOR WATER SAFETY...SEE PAGE 20

# 'THEY HAVE TRASHED THE PLACE'

Outrage in Kilcock over 'disgusting' dumping of rubbish/faeces in their area

**'They were around 26 seconds getting into my van'**

*Victim of work van theft calls for increased Garda presence*

A CELBRIDGE resident who had tools stolen from their work van recently has called for an increased Garda presence around the area, in order to prevent incidents like this happening again.

- Continued on page 2

RESIDENTS in Kilcock are in uproar after a nearby slip road on to the N4 was left covered in rubbish, faeces etc.

- Continued on page 2

A cupful of joy....

Sunday Lunch

To book:

# Comhairle Contae Laoise

## Tionscadal 'Gléas Soghluaiste Fuaime'

Laois County Council
Áras an Chontae, Portlaoise, Co. Laois

## Riosca agus Tionchar

**Rioscaí:**

- **Eachtraí dumpála mídhleathacha leanúnacha ag limistéir dhubha, limistéir thaitneamhachta agus láithreacha ionaid fág anseo**
- **Feistí a úsáidtear in áiteanna iargúlta agus ag áiteanna doshroichte le haghaidh glantachán**

**Tionchair:**

- **Teagmhais dumpála mídhleathaí a laghdú**
- **Feasacht a mhéadú**

## Achoimre

Is éard a bhí i gceist leis an tionscadal seo teicneolaíocht nuálach a sholáthar chun críocha dramhaíl a chosc agus a fhorfheidhmiú, is é sin Teicneolaíocht Gléasanna Fuaime soghluaiste gan foireann. Cuideoidh úsáid gléasanna fuaime le cur chuige coisctheach agus frithghníomhach a sholáthar maidir le forfheidhmiú dramhaíola.

## Costas Foriomlán:

**€15,940.80** (CBL san áireamh)

## Sonraí Foriomlána

Feidhmíonn Gléasanna Fuaime mar dhíspreagadh do dhumpálaithe mídhleathacha agus cruthaíonn siad feasacht ar láithreach atá buailte go mór leis an dumpáil mhídhleathach.

- **Cosc:** Taifeadtaí gléasanna fuaime a úsáid chun dumpáil mhídhleathach a dhíspreagadh.
- **Laghdú:** Is é is aidhm do na gléasanna gníomhaíochtaí dumpála mídhleathaí a laghdú nó a chosc ag ceantair iargúlta atá buailte go mór leis an dumpáil sa chontae agus ag ionaid fág anseo a bhfuil fadhb leo.
- **Oideachas & Feasacht:** Foláireamh a thabhairt don phobal agus do chiontóirí féideartha maidir leis na fadhbanna a bhaineann le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola agus spreagann sé diúscairt iomchuí dramhaíola.




Gnáthshuiteáil

## Torthaí

- Gléasanna Fuaime suiteáilte ag limistéir atá buailte go mór leis an dumpáil mhídhleathach. Teagmhais dumpála laghdaithe a taifeadadh ó suiteáladh na gléasanna fuaime. Níor tuairiscíodh aon teagmhas dumpála mídhleathaí don Chomhairle i gceantair áirithe ó suiteáladh na feistí. Fuarthas aiseolas deimhneach ó phobail áitiúla agus ó chónaitheoirí srl.
- Cur chuige coisctheach agus frithghníomhach i leith gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola.
- Freagairt láithreach ar aon dumpáil, tugann sé le tuiscint go bhfuiltear ag faire ort.
- Feasacht mhéadaithe an phobail.

Roimh shuiteáil an Ghléis Fuaime



Tar éis shuiteáil an Ghléis Fuaime



Roimh shuiteáil an Ghléis Fuaime



Tar éis shuiteáil an Ghléis Fuaime



# Comhairle Contae an Longfoirt

## Feachtas Feasachta Comhshaoil

## Riosca agus Tionchar

**Riosca: Dumpáil mhídhleathach earraí móra agus dramhaíola guaisí i gceantair thuaithe iargúlta.**

**Tionchar: Oideachas agus Feasacht go bhfuil bealaí dlíthiúla ann chun fáil réidh le hearraí móra dramhaíola guaisí teaghlaigh agus tí.**

## Costas Foriomlán:

**€6,141.39**

## Achoimre

Reáchtáil Comhairle Contae an Longfoirt feachtas fairsing ar an raidió áitiúil, sna pictiúrlanna áitiúla agus sna nuachtán áitiúil inar cuireadh i dtábhacht na rioscaí a bhaineann le bailitheoirí dramhaíola bréagacha a úsáid agus leis an diúscairt mhídhleathach.

## Sonraí Foriomlána

**Feachtas Feasachta ADI 2022**

Dearadh an clár feasachta ADI chun díriú ar bhailitheoirí dramhaíola mídhleathaí a úsáideann na meáin shóisialta chun fógraíocht a chraoladh faoi bhailiúcháin dramhaíola mídhleathaí agus orthu siúd a dhiúscraíonn a gcuid dramhaíola go mídhleathach. Díríodh an feachtas go mór ar spriocdhíriú ar bhailitheoirí dramhaíola mídhleathaí agus ar shealbhóirí tí a chur ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir lena ndramhaíl féin agus na hiarmhairtí a bhaineann lena gcuid dramhaíola a thabhairt do bhailitheoir dramhaíola bréagach.

Reáchtáladh fógraíocht sa phictiúrlann, ar an raidió, agus sna nuachtáin áitiúla chomh maith le suíomhanna gréasáin ar na meáin shóisialta. San iomlán ritheadh 32 fhógra x 30 soicind le 50,000 taispeáint fógraíochta ar Shannonside.ie agus Facebook. Ina theannta sin, ritheadh eagarfhocal agus fógraíocht maidir le leithscaradh dramhbhia agus an costas a bhaineann le cur amú bia.


LONGFORD LEADER

NEWS 5



Left: An example of a fake online rubbish collection advert

Above and below: Rubbish dumped in scenic areas of Longford

**Beware of bogus waste collectors, warns council**

Longford County Council is warning members of the public to be alert for bogus ... with a large number of successful prosecutions being brought before the courts ... your waste, whether it's bags or large bulky items like beds, carpet or furniture, you ... cheaper than paying €150 litter fine or more if you end up in court.

## Torthaí

- Feasacht mhéadaithe leis an bpobal maidir le bailitheoirí dramhaíola údaraithe a úsáid agus maidir le plá na diúscartha mídhleathaí.






FEATURE 19

# Over one million tonnes of food waste generated in Ireland annually

**What are the foods we throw out?**

Shockingly we will throw out millions of euros worth of food every year. Ireland generates more than one million tonnes of food waste every year which represents a carbon footprint as high as 3.6 million tonnes of carbon dioxide equivalent.

It is estimated that food waste generates about 8% to 10% of global greenhouse gas emissions.

It is worth considering food waste contributes significantly to climate change as growing, processing, packaging and transporting food uses energy and resources and then when we throw it away, as it rots it releases yet more greenhouse gases into the atmosphere.

Gary Brady, Environmental Awareness Officer, Longford County Council says, "Food waste hits all of us in the pocket, with the average family throwing out between €700 and €1,000 worth of food every year. Over 1 tonne of food is wasted by every household in Ireland annually."

He continued, "There's no one solution to this problem. There's going to have to be a major rethink at all phases of the food chain, throwing away uneaten food is an unnecessary waste of money especially in these straitened times."

Gary pointed out that when food is wasted, all the resources used in bringing food to our tables are wasted too.

He added, "Reducing your food waste is a key action you can take to help the environment and save money too. We all waste food.

"The reasons are different for everyone; we buy too much, we prepare too much, plans change, leftovers go off in the fridge, the list goes on. Day-to-day, it might not seem like much but when added up, food waste is a big problem for both our pockets and the planet."

For some very helpful tips on cooking with leftovers, prolonging the shelf life of your food and tips to help you save money when shopping visit www.longfordcoco.ie/environment/environmentalawareness/stopfoodwaste

Or visit stopfoodwaste.ie

**How much does food waste cost us?**

STOPFoodWaste.ie



AN LONGFORT CONNECTED
Comhairle Chontae An Longfoirt
Longford County Council

**It is illegal to place food waste in your waste bin!**

If you have a food waste bin you should use it
If you do not have a food Waste bin you can compost uncooked food and bring cooked food waste to the local civic amenity site for recycling.
If you put food waste into the general waste bin it's costing more money than using the brown bin or the civic amenity site and its also illegal to do so.
To enquire about receiving a brown bin contact your local waste supplier for more details.

**Food waste is accepted at the Civic Amenity Sites in Longford and Drumlish
The charge is 20 cent per kg.**

**Civic Amenity Sites**

| Cloonaugh, Drumlish, Co. Longford | Westlink Business Park, Athlone Rd., Longford |
|---|---|
| **Opening Hours** | **Opening Hours** |
| Monday to Friday 9am – 5pm (closed through lunch) | Wednesday 9am – 5pm (closed through lunch) |
| Saturday 9am – 1pm | Saturday 9am – 1pm |
| Tel: **043-3324128** | Tel: **043-3348836** |

For assistance please contact the Environment Section:
Phone: **043-3343462**
Email: General queries to **environment@longfordcoco.ie**
Environmental complaints to **environmental.complaints@longfordcoco.ie**

**What can I put in my FOOD BIN (BROWN BIN)?**

Only the following items are permitted in the food bin. Please do not use plastic bags in the food bins, only GREENSAX or Earth2Earth compostable bags can be used. Our Collection Team **WILL CHECK** your food bin and if any incorrect items or plastic bags are found, your food bin will not be emptied. Please bear in mind that one contaminated bin can contaminate the entire load and cause the load to be rejected at the Composting Facility.

**Accepted Items (Please DO NOT use Plastic Bags)**

| | |
|---|---|
| MEAT, POULTRY, FISH (Cooked & Uncooked) | PLATE SCRAPPINGS |
| SHELLFISH | FRUIT (Fresh & Off) |
| BONES | VEGETABLES (Fresh & Off) |
| EGGS | BREAD (Fresh & Off) |
| DAIRY PRODUCTS | PASTA & GRAINS |
| CEREALS | COFFEE GROUNDS |
| TEA BAGS | SOILED KITCHEN TOWELS |

**Items NOT accepted**

| | |
|---|---|
| GLASS | SOIL |
| METAL (Tins, Cans) | NAPPIES |
| PLASTIC (Packaging) | PLASTIC BAGS |
| TEXTILES (Wet Wipes) | GREEN WASTE (Grass & Hedge cuttings) |

✘ OR ANY OTHER NON-FOOD TYPES OF WASTE

# Comhairle Contae Lú

## Imeacht Maithiúnais Tochtanna & Tolg - Dún Dealgan

Comhairle Contae **Lú**
**Louth** County Council

## Riosca agus Tionchar

**Leis na maithiúnais tochtanna agus an tolg atreoraíodh líon suntasach earraí téagartha a d'fhéadfadh a bheith dumpáilte ar thaobh an bhóthair, sna haibhneacha nó ó na bealaí dramhaíola 'fear sa veain'. Bíonn sé sin i bhfad níos measa le linn na tréimhse síos go dtí Oíche Shamhna le húsáid i dtinte cnámh.**

## Costas Foriomlán:

**€27,057.77**

## Sonraí Foriomlána

Tionóladh imeacht maithiúnais tochtanna agus tolg in Ionad Conláiste Cathartha V&W i nDún Dealgan, Co. Lú an 31 Lúnasa 2022 inarbh fhéidir le daoine fáil réidh lena gcuid tochtanna agus tolg saor in aisce. Reáchtáladh an t-imeacht sin chun fadhbanna méadaitheacha a fhuascailt maidir le tochtanna agus toilg á ndumpáil go mídhleathach ar fud an chontae.

## Achoimre

Imeacht rathúil Mhaithiúnas Tochtanna agus Tolg a reáchtáladh in Ionad Conláiste Cathartha V&W, Dún Dealgan, Co. Lú inar bailíodh 25 thona de thochtanna agus 31 thona de thoilg.







## Torthaí

**Cainníocht Iomlán diúscartha:**

- Líon na dTochtanna: 838 aonad athchúrsáilte @ €13 ina aghaidh an tochta / 25 Thona
- Líon na dTolg: 790 aonad athchúrsáilte @ €15 ina aghaidh an toilg / 31 Thona






27/09/2022


821

# Comhairle Contae na Mí

## Baint Dramhaíola, Baile an Bhrúnaigh

comhairle chontae na mí
*meath county council*

### Riosca agus Tionchar

**Láithreán Dumpála Stairiúil i gCeantar Tuaithe a úsáideann siúlóirí, bogshodairí srl., gar don Phríomhbhóthar, atá infheicthe ag daoine a ghabhann thar bráid, agus gar do chlóis feirme agus do dhobharlach.**

### Costas Foriomlán:

**€10,007**

### Achoimre

- Fálú agus geataí a sholáthar.
- Glanadh Cuimsitheach ar an suíomh.

### Torthaí

D'oibrigh an t-údarás áitiúil i gcomhpháirt leis an úinéir talún chun an suíomh dramhaíola a ghlanadh, chun an suíomh a fheabhsú.

### Sonraí Foriomlána

Ba láthair stairiúil í a bhí buailte go mór leis an dumpáil ar bhealach siúlóide a raibh an-tóir air, gar do thithe eile agus an-infheicthe ag an iliomad cónaitheoirí áitiúla a úsáideann an lúb le haghaidh siúil, bogshodair srl. Baineadh níos mó ná 271 thona dramhaíola agus iompraíodh chuig saoráid líonta talún Panda Waste /Starrus Holdings í lena diúscairt go sábháilte.







# Comhairle Chontae Uíbh Fhailí

"Feachtas Raidió"

Comhairle Chontae Uíbh Fhailí
Offaly County Council

## Riosca agus Tionchar

**Níl aon bhaol ann a bhaineann leis an tionscadal seo nó tionchar diúltach. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal feasacht an phobail a mhéadú maidir le fadhbanna comhshaoil éagsúla.**

## Costas Foriomlán:

**€11,162**
**Éilithe: €10,000**




## Achoimre

Bhí dhá stáisiún raidió páirteach san fheachtas feasachta sin, Midlands Radio 3 agus iRadio. Chlúdaigh Comhairle Contae Uíbh Fhailí ábhair ar nós dumpáil mhídhleathach, salachar madraí agus úsáid láithreán conláiste cathartha.

## Sonraí Foriomlána

Is stáisiún raidió móréilimh Lár Tíre é Midlands 103 atá lonnaithe i dTulach Mhór agus a fhreastalaíonn ar Laois, Uíbh Fhailí agus an Iarmhí. Sroicheann sé 122,000 éisteoir gach seachtain agus is stáisiún raidió é a bhfuil an-tóir air. Chas Comhairle Contae Uíbh Fhailí le hionadaithe ón stáisiún chun na hábhair imní a phlé agus chun machnamh a dhéanamh ar amlínte oiriúnacha don fhógraíocht a bheidh le craoladh. Aontaíodh go gcuirfí ábhair ar an aer a d'oirfeadh do gach aoisghrúpa – idir dhaoine a úsáideann bainc buidéal agus láithreacha conláiste cathartha, madraí siúil agus bia amuigh faoin aer.

Stáisiún raidió eile a bhfuil an-tóir air is ea iRadio. Tá sé seo níos coitianta i measc daoine óga. Díríodh an feachtas sin ar dhumpáil a laghdú trí Mhí na hAthúsáide a chur chun cinn, is é sin mí Dheireadh Fómhair.

## Torthaí

- Is deacair an leibhéal feasachta a músclaíodh i bhfeachtas den sórt sin a chainníochtú. Níltear in aon amhras áfach, trí theachtaireachtaí comhshaoil a chur i bhfógraíocht roinnt uaireanta ar bhonn laethúil, tá an teachtaireacht sin curtha ar fáil do bhaill an phobail agus cloiste acu. Meastar go mbeidh toradh iarmhartach dearfach ag a leithéid d'fheachtas feasachta ar an bpobal, rud a laghdóidh an dumpáil mhídhleathach, an salachar madraí, agus an caitheamh bruscair treallach.

# Comhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas

**Lána Choillte Leamháin - Céim II**

Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin County Council

## Riosca agus Tionchar

**Dumpáil mhídhleathach i limistéar taitneamhachta tuaithe.**

**Taitneamhacht amhairc an cheantair scriosta leis.**

## Costas Foriomlán:

**€13,000**

## Achoimre

Tá Lána Choillte Leamháin (L306) suite thart ar 1 Km ó dheas ó acomhal Chill an Ardáin leis an N81 i dTamhlacht. Tuairiscíodh thart ar 150 gearán comhshaoil maidir le bruscar agus dumpáil mhídhleathach feadh an lána 700m seo ó 2019 i leith.



## Sonraí Foriomlána

Bhí an tionscadal bunaithe ar na hoibreacha a rinneadh in 2021, ina ndearnadh cuid den lána a ghlanadh, a chóireáil ar a theorainn agus soilsiú poiblí a thabhairt isteach chun dumpálaithe féideartha a dhíspreagadh.

I mbliana bhí an stráice 350m eile ar fhad den lána faoi réir oibreacha den chineál céanna. Bhí scéim soilsithe poiblí á cur chun cinn ag rannóg Soilsithe Phoiblí CCÁCT chun oibreacha na bliana seo caite a chomhlánú agus i gcomhar lena gconraitheoirí, suiteáladh roinnt glantachán, cóireála teorann agus comharthaíochta rabhaidh le linn mhí Lúnasa 2022. An lána, ar ar thug IBAL 'an láithreán ba mhó ar caitheadh bruscar ann a ndearnadh suirbhéireacht air i dTamhlacht'.



## Torthaí

- Tá oibreacha críochnaithe tar éis an lána a thabhairt ar ais go dtína bhail nádúrtha roimhe seo, agus tá deireadh curtha acu le ceantar ar a bhfuil droch-chlú as a bheith buailte go mór le dumpáil. Tá sé i gcomhréir le NEP chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathaí. Tar éis fhoilsiú chód cleachtais TCI an GBRÁ, suiteálfar ceamaraí faireachais chun rath na mbeart a rinneadh a chinneadh.

**B. Tabhair faisnéis ar an tonnáiste a baineadh agus an costas a bhaineann le baint in aghaidh an tona/ tochta/earra théagartha:**

- Tonnáiste na dramhaíola a baineadh agus costas in aghaidh an Tona, más infheidhme—4.3 Tona.














# Comhairle Contae na hIarmhí

## Straitéis Frithdhumpála Fhleadh 2022

WESTMEATH COUNTY COUNCIL
Comhairle Chontae na hIarmhí

## Riosca agus Tionchar

**Agus os cionn leathmhilliún duine ag tabhairt cuairte ar an mbaile in achar seachtaine, bhíomar ag iarraidh a bheith cinnte go ndearnadh bainistiú maith ar ár gcuid dramhaíola agus ba é an phríomhaidhm a chinntiú go gcoinneofaí na sráideanna glan agus go raibh feasacht an phobail ar bhainistiú dramhaíola agus scaradh ag an bhfoinse fíorthábhachtach.**


## Sonraí Foriomlána

Rinneamar 30 pointe Athchúrsála a dhearadh agus a shuiteáil feadh phríomhshráid an Mhuilinn Chearr a bhí i bhfeidhm ar feadh ré iomlán na hócáide. Cuireadh na pointí athchúrsála gach 20 troigh ar phríomhshráid an bhaile, rud a chiallaigh go raibh siad an-infheicthe ag gach duine a bhí i láthair. Chruthaíomar cás ina bhféadfadh daoine na comharthaí Athchúrsála a fheiceáil ó áit ar bith ar an mbaile agus ní raibh orthu dul ag lorg boscaí bruscair. Thug sé seo deis dúinn an dramhaíl a bhainistiú i bhfad níos fearr agus a chinntiú, a oiread agus is féidir, i bhfianaise mhéid na hócáide, gur choinníomar éilliú na dramhaíola chomh híseal agus ab fhéidir. Ba é an phríomhsprioc a chinntiú, is cuma faoin méid ama a chaith duine ar na sráideanna don ócáid, nach mbeadh aon bhruscar ná dramhaíl againn chun cuma an bhaile a mhilleadh agus dochar a dhéanamh do cháil na hócáide. Fuair an ócáid ardmholadh ó gach cearn agus bronnadh an ócáid ar an Muileann gCearr arís don bhliain 2023. Chuireamar 2 mheaisín díola droim ar ais isteach ag na láithreacha comórtais is gnóthaí i Scoil Naomh Muire agus i gColáiste Loreto. Rinneadh amhlaidh chun athchúrsáil a chur chun cinn, go háirithe i measc na n-iomaitheoirí óga. Fuair siad dearbháin nuair a thug siad dramhaíl ar ais isteach sa mheaisín. D'fhruilíomar burlaire plaisteach freisin a chabhraigh le hathchúrsáil os cionn 2. 4 tona de ghloiní pionta plaisteacha.

## Costas Foriomlán:

€18,327.00








## Torthaí

- Bailíodh os cionn 85 tona dramhaíola thar thréimhse 7 lá le linn na hócáide. Ní raibh aon dramhaíl caite ar na sráideanna ag am ar bith. Chinntigh frámaí na mboscaí bruscair go raibh a fhios ag daoine go díreach an áit a raibh na boscaí bruscair suite. Cuireadh comharthaíocht os cionn airde an chloiginn agus dá bharr sin, fiú nuair a bhí na sráideanna an-phlódaithe, bhí na boscaí bruscair le feiceáil ag an bpobal.
- Mar gheall ar na boscaí bruscair a bheith sna frámaí, ní raibh an pobal in ann iad a bhogadh, rud a thug deis dúinn iad a bhainistiú i bhfad níos éasca. Bhí a fhios againn an áit go díreach a raibh gach foireann boscaí bruscair. Chinntigh patróil rialta nár fágadh aon bhosca bruscair lán ar feadh níos mó ná tréimhse 5 nóiméad.
- Ba iad na frámaí an rud a chuir rath ar bhainistiú na dramhaíola. Bhí freagra an phobail ar an bplean bainistíochta dramhaíola ar fheabhas agus dúradh gurb í an Fhleadh an ceann is glaine riamh. Tá moladh faighte ag an gcomhairle ó Fheisirí tofa, ó Choiste Feidhmiúcháin na Fleidhe, ón bPreas, agus ón bpobal as a ghlaine is a coinníodh na sráideanna.
- Chuaigh 51% den dramhaíl a bailíodh le hathchúrsáil, is figiúr an-ard é sin do líon na gcuairteoirí chuig an ócáid.
- Chuaigh 34% ó dhramhaíl go fuinneamh.

Ionaid Athchúrsála












Sráideanna Glana sa Phictiúr

# Comhairle Contae Chill Mhantáin

## Tionscadal 'Rothair don Afraic'

## Riosca agus Tionchar

**Níos lú rothar atá tréigthe /dumpáilte. Athúsáid rothar ar chúis mhaith i sochaí nach bhfuil chomh saibhir linne, agus cuireann sé sin chun freisin athúsáid agus geilleagar ciorclach.**

## Costas Foriomlán:

**€3,500**





## Achoimre

Comhthionscnamh a bhí sa tionscadal idir na clubanna Rotary i gCill Mhantáin agus i mBré, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus Comhairle Contae Chill Mhantáin. Bailíodh rothair i gcúig ionad athchúrsála Chill Mhantáin agus stóráladh i gcoimeádán iad ag ár n-ionad athchúrsála san Inbhear Mór lena ndeisiú agus lena n-athúsáid. Iompraítear na rothair go Príosún Oscailte Mhainistir Shelton lena ndeisiú. Ansin seoltar go dtí an Ghaimbia iad lena n-athúsáid ag daltaí scoile.

## Torthaí

- Bhronn an pobal 170 + rothar agus deisíodh 118 acu lena n-athúsáid.




## Sonraí Foriomlána

Rinne Comhairle Contae Chill Mhantáin nasc le Rotary Ireland chun rothair a bhailiú mar chuid den tionscadal Rothair don Afraic. Stóráladh na rothair a tógadh inár n-ionaid athchúrsála go léir i gcoimeádán loingseoireachta sular roghnaíodh an chuid is fearr de na rothair agus seoladh iad lena ndeisiú i bPríosún Oscailte Mhainistir Shelton. A luaithe a bhí siad deisithe seoladh go dtí an Ghaimbia iad le húsáid ag daltaí scoile le haghaidh rothaíocht ar scoil.

# Comhairle Contae Cheatharlach

## An tionscadal 'Rochtain ar an Athchúrsáil do Chách'

### Riosca agus Tionchar

**Rochtain shábháilte a chur ar fáil do dhaoine nach bhfuil chomh cumasach céanna, aoisbháúil agus do leanaí chun athchúrsáil a dhéanamh. Fadhbanna sláinte agus sábháilteachta. Dramhaíl a dhumpáil. Iompraíocht fhrithshóisialta.**

### Achoimre

Ag obair leis an bpobal chun rochtain a áirithiú do gach duine ar shaoráidí athchúrsála toisc go bhfuil na bainc bhuidéil agus na bainc pháipéir atá ann faoi láthair ró-ard chun rochtain a fháil d'aon duine atá teoranta do chathaoir rothaí agus do leanaí agus tá sé mealltach ó thaobh na haoisbhá freisin.

ROIMH RÉ



### Costas Foriomlán:

**€15,841.90**

### Sonraí Foriomlána

- Athúsáid coimeádáin 30 troigh a caitheadh amach.
- Brandáil chuig coimeádán 30 troigh.
- Athúsáid sean-ghabhdán bainc buidéal taobh istigh de choimeádán.
- Athúsáid seanbhanc buidéal.
- Spraeáil gabhdán cruach dosmálta a rinneadh roimhe seo.
- Suiteáil 5 mhullard chaola a bhronn IPL Group.
- Marcálacha bóthair a shuiteáil le haghaidh córais aontreo chun feithiclí agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.
- 2 spás do dhaoine faoi mhíchumas/spásanna aoisbháúla a sholáthar.
- Fógra leathanaigh amháin curtha in áirithe sa Carlow Nationalist agus seoladh na seirbhíse á ullmhú.

INA DHIAIDH



## Torthaí

- Rochtain Athchúrsála do chách a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí cathaoireacha rothaí nach bhfuil chomh cumasach sin (Dearadh iad i gcomhairle le Cumann Cathaoireacha Rothaí na hÉireann), aoisbháúil agus do leanaí le haghaidh WEEE, éadaí, buidéal, cannaí, cairtchláir srl.
- Córas marcála bóthair aontreo suiteáilte a sholáthraíonn limistéir shábháilte dhíluchtaithe tuirlingthe do charranna agus do shiúlbhealaí sábháilte do choisithe agus pointí trasnaithe chuig na saoráidí athchúrsála éagsúla.
- Bhí baint ag an tionscadal seo leis an Acht um Míchumas 2005, leis an mBille um an nGeilleagar Ciorclach agus leis an bPlean Réigiúnach Bainistíochta Dramhaíola. Bhí cuid an Gheilleagair Chiorclaigh chun tosaigh trí shean-choimeádán 30 troigh a caitheadh amach a athúsáid agus athearraíocht a bhaint as. D'athúsáideamar sean-ghabhdáin bainc buidéal agus baineadh athearraíocht astu. Bhronn IPL Group 5 mhullard chaola ar an tionscadal a rinneadh as rubar athchúrsáilte.


**ROIMH RÉ**





**INA DHIAIDH**





# Comhairle Contae an Chláir

## Tionscadal Gléasanna Soghluaiste Fuaime

COMHAIRLE CONTAE AN CHLÁIR
CLARE COUNTY COUNCIL

## Riosca agus Tionchar

**Tá baol truaillithe comhshaoil ag baint le Dumpáil Mhídhleathach ag láithreáin chonláiste a bhfuil an-tóir orthu.**

## Achoimre

In 2021, thug Comhairle Contae an Chláir dhá ghléas fuaime shoghluaiste *ar léas*, le suiteáil ag láithreáin chonláiste móréilimh chun comhairle ghinearálta a thabhairt don phobal maidir le dramhaíl, ag moladh dóibh na haraidí bruscair a chuirtear ar fáil a úsáid, siúlbhealaí a choinneáil glan, glanadh suas i ndiaidh a madraí agus a chur in iúl dóibh go bhfuil feidhm ag pionóis maidir le sáruithe ar an méid thuas. Bhí na haonaid soghluaiste agus d'fhéadfaí iad a bhogadh arna n-iarraidh sin.

Bhí siad éifeachtach chun an teachtaireacht a sheachadadh. In 2022, fuarthas cuideachta áitiúil agus cheannaigh Comhairle Contae an Chláir sé aonad den sórt sin. Arís, tá aonaid soghluaiste, agus is féidir iad a bhogadh mar fhreagra ar ghearáin.

## Costas Foriomlán:

**€8,439.75**

## Sonraí Foriomlána

Tiomsaíodh liosta de láithreáin agus de láithreáin chonláiste ina bhfuarthas líon ard gearán.

Suiteáladh gach gléas fuaime soghluaiste i suíomhanna áirithe go ceann tréimhse shocraithe. Rinneadh taifeadadh, i mBéarla agus i nGaeilge, ag tabhairt comhairle don phobal araidí bruscair a cuireadh ar fáil a úsáid, siúlbhealaí a choinneáil glan, glanadh suas i ndiaidh a gcuid madraí agus a chur in iúl dóibh go bhfuil pionóis i gceist mar gheall ar sháruithe ar an méid thuas.

Tar éis tréimhse ama shocraithe athlonnaíodh na gléasanna soghluaiste mar fhreagairt ar an áit ar aithníodh riachtanas.



## Torthaí

- Tarraingíodh Feasacht an Phobail ar an tábhacht a bhaineann le freagracht phearsanta a ghlacadh as dramhaíl le linn a ngnáthshaoil laethúil, tugadh comhairle maidir le suíomh an bhonneagair dramhaíola.
- Bhí sé an-úsáideach go raibh na gléasanna soghluaiste, mar d'fhéadfaí iad a athlonnú mar fhreagra ar líon na ngearán in áiteanna áirithe.
- Bhí na gléasanna sin úsáideach in áiteanna cois farraige le linn shéasúr an tsamhraidh agus ag siúlbhealaí uirbeacha ó cheann ceann na bliana.





# Cathair Chorcaí

## Tionscadal Glantacháin na Míolaí

Cork City Council
Comhairle Cathrach Chorcaí

## Riosca agus Tionchar

**Tionchar ar an gcomhshaol – baol éillithe d'inmhíolú ithreach agus francach. Dramhaíl a dhó, a chuireann isteach ar an trácht ar na príomhbhealaí chun na cathrach.**

## Achoimre

Tá fadhbanna ag roinnt ceantar sa chathair le dumpáil mhídhleathach, aithníodh an limistéar seo go háirithe mar ábhar imní mar gur cuireadh ar ár súile dúinn é ó dhaoine den phobal trí ghearán agus ó bhaill foirne sa rannóg Bruscar agus Bainistíochta Dramhaíola i gComhairle Cathrach Chorcaí.

## Costas Foriomlán:

**€73,308**

## Sonraí Foriomlána

Tá baol ann go mbeidh bruscar agus dumpáil mhídhleathach sa cheantar seo. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal dramhaíl a dumpáladh go mídhleathach a ghlanadh. Agus bearta a chur i bhfeidhm chun atarlú a chosc.



**Méideanna suntasacha dramhaíola tí a taisceadh go mídhleathach.**

## Torthaí

- Bhí an tionscadal seo ag teacht le príomhbheart **an Laghdaithe** tríd an dramhaíl a bhaint agus, dá bhrí sin, an núis a bhaint.
- Cuidíonn baint na dramhaíola freisin le **Cosc** a chur ar dhumpáil bhreise dramhaíola – má fheictear go bhfuil dramhaíl ar an suíomh cheana féin, is mó seans go gcuirfidh daoine leis an dramhaíl.
- Tríd an dramhaíl a bhaint agus dá bhrí sin an núis a bhaint. Bearta chun áit chónaithe an láithreáin a chur i bhfeidhm chun seirbhís thráthrialta bailiúcháin a chur i bhfeidhm.
- Baint dramhaíola agus glanadh láithreáin ag Greenstar:  477 dtona dramhaíola a bailíodh



**Dramhaíl a dumpáladh le Grúpscéim Tithíochta na Míolaí sa chúlra.**

# Comhairle Contae Chorcaí

**Glantachán Siúlóide Coillearnaí Dhroichead na Bandan**

## Riosca agus Tionchar

**Bhí an siúlbhealach á úsáid le haghaidh dumpála. Bhí sé seo á chur leis mar go raibh sé ina thalamh dumpála neamhoifigiúil. D'fhág sé freisin nach raibh an siúlbhealach inúsáidte mar a bhí beartaithe.**

## Achoimre

Chinn Comhairle Contae Chorcaí, i gcomhpháirt leis an bpobal áitiúil agus leis na Bailte Slachtmhara, seanstráice de líne Iarnróid Iarthar Chorcaí a théann thart ar 500m trí stráice adhmaid a athshlánú. Ar an drochuair, nuair a glanadh an scrobarnach ba léir gur úsáideadh an ceantar mar shuíomh dumpála ar feadh blianta fada agus gur chuir costas an ghlantacháin fhéideartha stop leis an tionscadal.

## Costas Foriomlán:

**€22,463.51**

## Sonraí Foriomlána

Le roinnt blianta anuas tá Comhairle Contae Chorcaí, i gcomhar le Bailte Slachtmhara Dhroichead na Bandan, tar éis an seandroichead rochtana a ghlanadh agus a dheisiú agus cosán a ghlanadh tríd an stráice le déanaí. An plean a bhí ann ná siúlóid shíochánta pobail a chur i gcrích le picnic agus limistéir thuirlingthe. Cheadaigh an maoiniú an tionscadal a chur i gcrích go tapa agus acmhainn fhiúntach a thabhairt ar ais don phobal áitiúil agus do mhuintir Dhroichead na Bandan.



## Torthaí

Limistéar nár úsáideadh a mhíntíriú, lena n-áirítear fálú teorann a dheisiú chun dumpáil sa todhchaí a chosc. Beidh cothabháil thráthrialta á rialú ag Comhairle Contae Chorcaí, agus déanfaimid idirchaidreamh breise le Bailte Slachtmhara maidir le suiteáil comharthaí staire áitiúla.

- Tonnáiste dramhaíola a baineadh— 22 tona





# Comhairle Contae Chiarraí

## Araidí Gréine a Cheannach

Comhairle Contae Chiarraí
Kerry County Council

## Riosca agus Tionchar

**Riosca diúscartha dramhaíola mídhleathaí mar thoradh ar thruailliú comhshaoil, lena n-áirítear baol bruscair, boladh srl.**

## Achoimre

Ceannach 8 n-araid bhruscair dlúthaithe grianchumhachtaithe lena n-áirítear 4 aonad dramhaíola ar leithligh agus 4 aonad athchúrsála.

## Costas Foriomlán:

**An méid a éilíodh: €40,954.08**

## Sonraí Foriomlána

Tá na haraidí suite ag gach ceann de na suíomhanna seo a leanas i mBaile an Bhuinneánaigh (féach na pictiúir shamplacha faoi iamh):

- Páirc/in aice leis an gclós súgartha,
- Taobh amuigh de na saoráidí poiblí nua ag Trá an Deiscirt (na bhFear)
- Ar an gcosán ag druidim ón mbaile i dtreo Thrá an Deiscirt (na bhFear)
- Ar shiúlóid aille
- An Phríomhshráid



## Torthaí

- Méadaíonn an cumas dlúthaithe cumas na n-araidí suas le x10 i gcomparáid le gnátharaid neamhdhlúthaithe. Tiomsaíonn na bogearraí néalbhunaithe sonraí ó na haraidí bruscair aonair agus gineann siad foláirimh gan sreang nuair a bhíonn araidí bruscair lán agus nuair a theastaíonn bailiú uathu. Tiomsaíonn na bogearraí bealaí bailiúcháin freisin do na haraidí bruscair sin amháin a dteastaíonn seirbhísiú uathu – coigilt ó thaobh ama de, trácht agus astaíochtaí gaolmhara á laghdú agus costais bhailiúcháin á ngearradh ar deireadh thiar.
- Is féidir leis na haraidí bruscair oibriú in aon áit mar go bhfuil siad faoi ghrianchumhachtú. Cinntítear le srianadh iomlán go gcoinnítear bruscar isteach, agus fanann lotnaidí amach le haghaidh spásanna níos glaine. Tá cuma mhaith ar na haraidí bruscair, agus tá lógó na comhairle le feiceáil ar aghaidh na n-araidí bruscair.





# Comhairle Contae Chill Chainnigh

**'Seachtain Maithiúnais Tochtanna'**

Kilkenny County Council
Comhairle Chontae Chill Chainnigh

## Riosca agus Tionchar

**Is ualach é tocht do shealbhóirí tí chun fáil réidh leis i gceart. Is minic a bhailíonn bailitheoirí neamhchláraithe na hearraí sin agus déantar an chuid is mó díobh a dhumpáil go mídhleathach in áiteanna iargúlta sa chontae. Tá na costais aisghabhála ar an údarás áitiúil suntasach do na hearraí sin.**

## Costas Foriomlán:

**€39,827.15**



## Achoimre

Reáchtáladh an t-imeacht maithiúnais thar thréimhse seachtaine in ionad CAS an Dúin Mhóir agus in ionad Athchúrsála na Greanaí. Bhí an t-imeacht ar siúl idir Dé Luain, an 27 Meitheamh agus Dé Sathairn, an 2 Iúil 2022. D'fhan trí choimeádán altacha ar an láthair ar feadh na seachtaine.




## Sonraí Foriomlána

- Bhí an t-imeacht ar siúl idir Dé Luain, an 27 Meitheamh agus Dé Sathairn, an 2 Iúil 2022.
- Imeacht maithiúnais a bhí ann ina bhféadfadh sealbhóirí tí sean-tochtanna a thabhairt leo ar tháille €5 in aghaidh an teaghlaigh.
- D'fhan trí choimeádán altacha ar an láthair ar feadh na seachtaine.
- Níor glacadh ach le tochtanna tirime suas le trí cinn ar a mhéad in aghaidh an teaghlaigh.
- Bailíodh 724 thocht san iomlán.
- Baineadh tochtanna den dá shuíomh ansin ag deireadh an imeachta.

## Torthaí

- Bhí líon mór custaiméirí ag an dá shuíomh i rith na seachtaine.
- Thaifid Dún Mór ceann de na seachtainí ba ghnóthaí riamh mar gheall ar chustaiméirí ag tabhairt earraí eile isteach chomh maith lena gcuid tochtanna don ócáid a fógraíodh.
- D'fhéadfadh sé gur chuir an tairbhe a bhain le seachtain Fágála Tochtanna cosc ar go leor tochtanna a dhumpáil go mídhleathach ar fud an chontae.

# Comhairle Contae Luimnigh

## Glanadh Thuar na Fola

Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

## Riosca agus Tionchar

**Cosc agus laghdú.**

## Costas Foriomlán:

**€1,909.07**

## Achoimre

Glantachán ar shuíomh Thuar na Fola a bhfuil bruscar caite go flúirseach air, é leigheasta agus glanta.

## Sonraí Foriomlána

- Glantachán, laghdú ar shuíomh ina bhfuil go leor bruscair caite ag údarás áitiúil.
- **Tonnáiste:** 1.0





## Torthaí

- Limistéar glanta go caighdeán an-ard.
- 1 thona dramhaíola a bailíodh, bruscar agus dramhaíl théagartha san áireamh.









# Comhairle Contae Thiobraid Árann

## Laethanta um Dhramhaíl Tí Ghuaiseach

Comhairle Contae Thiobraid Árann
Tipperary County Council

## Riosca agus Tionchar

**Laethanta saor in aisce a chur ar fáil don phobal ag Ionaid Athchúrsála chun fáil réidh le hábhair Dhramhaíola Guaisí Tí.**

## Costas Foriomlán:

**€42,653.81**

## Achoimre

Laethanta saor in aisce a chur ar fáil don phobal ag Ionaid Athchúrsála chun fáil réidh le hábhair Dhramhaíola Guaisí Tí.



## Sonraí Foriomlána

Laethanta ag Ionad Athchúrsála Lota Waller, Ionad Athchúrsála Ros Cré agus Ionad Athchúrsála Chluain Meala chun cabhrú leis an bpobal fáil réidh le hábhair éagsúla dramhaíola guaisí tí agus chun seirbhísí conraitheora údaraithe Dramhaíola Guaisí a fhostú chun na hábhair a bhailiú agus a bhaint.

Fógraíocht sna meáin agus sna páipéir nuachtáin chomh maith le cur chun cinn na laethanta ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus ar ardáin na meán sóisialta.

Fógráin agus póstaeir a cruthaíodh do na laethanta.


## Torthaí

Éileamh mór ó bhaill den phobal.

- 19.3 tona dramhaíola bainte






HOUSEHOLD
HAZARDOUS
WASTE
FREE
DROP
OFF
DAY!
SATURDAY
17th SEPTEMBER
9AM TO 12.30PM
CASHEL
RECYCLING CENTRE
will give free entry to customers with household hazardous waste in need of disposal ...
One day only so don't miss out!
Household Hazardous Items accepted FREE OF CHARGE on the day are:
PAINTS AEROSOLS WASTE ENGINE OIL WASTE COOKING OIL OIL FILTERS
DETERGENTS FENCE AND MOTOR BATTERIES ALKALINE BATTERIES
For further information
Tel: 0818 065000

# Comhairle Contae Phort Láirge

## Lá Bailithe Dramhaíola Toirtiúla

Comhairle Cathrach & Contae Phort Láirge
Waterford City & County Council

## Riosca agus Tionchar

**Deireadh a chur le sruth dramhaíola a d'fhéadfaí a chur le tinte cnámh ag Oíche Shamhna murach é.**

## Costas Foriomlán:

**€22,581.28**




## Achoimre

Laethanta bailithe dramhaíola toirtiúla á gcoinneáil ag dhá Láithreán Conláiste Cathartha i bPort Láirge agus i nDún Garbhán.

## Sonraí Foriomlána

- Glacadh le dramhaíl théagartha ar tháille laghdaithe ó shealbhóirí tí (€5 in aghaidh na feithicle) ag an láithreán conláiste cathartha.
- Rinneadh fógraíocht air trí na meáin shóisialta
- Bhain 500 teaghlach leas as an scéim, agus thug an chuid is mó acu earraí leo
- Glacadh le 400 tocht san iomlán móide 30 tona de dhramhaíl théagartha eile, go príomha toilg agus cathaoireacha le ~ 600 earra eile.




## Torthaí

- 30 tona dramhaíola a baineadh as sruth dramhaíola, rud a d'fhéadfadh a bheith curtha ar thinte cnámh ag Oíche Shamhna murach é.
- Laghdaíodh líon na dtinte cnámh i bPort Láirge ó ghnáthlíon 6 nó 7 go 3 thine bheaga in 2022. Chomh maith leis sin laghdú ar ábhar tinte cnámh a bailíodh ag druidim le hOíche Shamhna.
- **Tabhair faisnéis ar an tonnáiste a baineadh agus an costas a bhaineann le baint in aghaidh an tona/ tochta/earra théagartha:**
  - Tonnáiste na dramhaíola a baineadh agus costas in aghaidh an Tona, más infheidhme—30 tona bainte
  - Líon na dTochtanna a bailíodh agus an costas in aghaidh an Tochta, más infheidhme—400 tocht bainte
  - Meánchostas in aghaidh an tochta €16.50 in aghaidh an tochta; Dramhaíl théagartha: costas diúscartha agus iompair €275 an tona; €6500 ar luchtú

# Comhairle Contae Loch Garman

**Gléasanna Rabhaidh Fuaime agus Comharthaí Teachtaireachtaí Athraitheacha Chomhairle Contae Loch Garman ADI 2022 Tionscadal 8**

Comhairle Contae Loch Garman
Wexford County Council

## Riosca agus Tionchar

**Díríodh an tionscadal ar cheantair ina raibh fadhbanna áirithe bruscair nó dumpála a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le truailliú comhshaoil ó ábhar dumpáilte mídhleathach agus salachar madraí sna suíomhanna, rud a d'fhéadfadh cuairteoirí agus cónaitheoirí áitiúla a chur i mbaol.**

## Achoimre

Bhain an tionscadal le húsáid Gléasanna Rabhaidh Fuaime agus Comharthaí Teachtaireachtaí Athraitheacha ag suíomhanna éagsúla (8 gcinn ar fad) chun cabhrú le maolú a dhéanamh ar na fadhbanna a bhaineann le hearraí dramhaíola atá á ndumpáil ag láithreáin fágtha buidéal agus cannaí, agus chun cur i gcoinne salú madraí i roinnt suíomhanna agus chun feasacht a chruthú faoi fhadhbanna bruscair ar leith.



## Costas Foriomlán:

**€3936**

## Sonraí Foriomlána

Tar éis don Choimisinéir Cosanta Sonraí iniúchadh a dhéanamh ar úsáid TCI maidir le gníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathaí ag Údaráis Áitiúla i roinnt contaetha go luath in 2020, chuir WCCl úsáid Monatóireachta TCI ar fionraí le haghaidh gníomhaíochtaí dramhaíola mídhleathaí ar feitheamh leasú reachtaíochta.

Bhí Comhairle Contae Loch Garman, mar chuid den Tionscnamh Frithdhumpála 2022, ag lorg bealaí eile chun fadhbanna dramhaíola a chosc agus chun feasacht a chothú i measc an phobail maidir lena ndualgais bainistithe dramhaíola/ bruscair.

D'úsáid an Chomhairle Gléasanna Rabhaidh Fuaime agus Comharthaí Teachtaireachtaí Athraitheacha, dhírigh sí ar iarracht a dhéanamh cosc a chur ar ábhair dhramhaíola mhíchuí á bhfágáil ag láithreáin athchúrsála Buidéal/Cannaí agus i gcomhar le feachtas feasachta faoi shalú madraí le Comhairlí Phort Láirge/Cheatharlach/ Chill Chainnigh ag iarraidh cosc a chur ar shalú i roinnt suíomhanna.

Ba iad na suíomhanna a roghnaíodh Gléasanna Rabhaidh Fuaime ag Tesco Ghuaire & Bainc Buidéal Ros Mhic Thriúin, Bainc Buidéal Wellington Bridge, An Promanád Inis Córthaidh, Na Céanna, Loch Garman. Suiteáladh comharthaí Teachtaireachtaí Athraitheacha ag Trá Ros Láir, Min. Páirc Min Ryan, Loch Garman agus Baile Ros Mhic Thriúin.

## Torthaí

- Músclaíodh feasacht ar na fadhbanna dramhaíola ag gach suíomh go tráthrialta trí theachtaireacht réamhthaifeadta arís agus arís eile ag iarraidh ar dhaoine staonadh ó ábhair dramhaíola mhíchuí a fhágáil ag láithreáin athchúrsála nó glanadh suas i ndiaidh a madraí agus "Coinnigh XXXXX Álainn".
- De réir Tuairiscí ón Maor Comhshaoil agus Aiseolas ó Oibreoirí Gléasanna Rabhaidh Fuaime – tháinig feabhas ar gach láthair tar éis úsáid a bhaint as na Gléasanna Rabhaidh Fuaime agus Comharthaíocht Teachtaireachtaí Athraitheacha i bPáirceanna agus ar Shiúlbhealaí
- Bhí na Gléasanna Rabhaidh Fuaime agus na Comharthaí VMS ina n-uirlis éifeachtach chun teachtaireachtaí a chur in iúl don phobal nó d'úsáideoirí an láithreáin maidir le fadhbanna sonracha dramhaíola agus oibleagáidí aonair maidir leis na fadhbanna.
- Tá na Gléasanna Rabhaidh Fuaime/ Comharthaí VMS solúbtha, agus is féidir iad a chur in oiriúint do staideanna agus suíomhanna difriúla.






**Comharthaíocht Teachtaireachtaí Athraitheacha – Beart Coiscthe Dramhaíola ó Shalachar Madraí i bPáirc Ros Mhic Thriúin**





# Aguisíní 5



# Aguisín 1: Gluais Téarmaí

| | |
|---|---|
| **ADI** | An Tionscnamh Frithdhumpála |
| **DECC** | An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide. |
| **NWESC** | An Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Fhorfheidhmiú Dramhaíola |
| **WERLA** | An Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola |
| **WERLA CUR** | An Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola i Réigiún Chonnacht Uladh. Cuimsítear le Réigiún Chonnacht Uladh Údaráis Áitiúla Dhún na nGall, Chathair na Gaillimhe, Chontae na Gaillimhe, Mhaigh Eo, Liatroma, Ros Comáin, Shligigh, Mhuineacháin, agus an Chabháin |
| **WERLA EMR** | An Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola i Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre. Cuimsítear le Réigiún an Oirthir agus Lár Tíre Údaráis Áitiúla Chathair Bhaile Átha Cliath, Fhine Gall, Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara, Chill Mhantáin, na Mí, na hIarmhí, an Longfoirt, Uíbh Fhailí, Laoise, agus Lú. |
| **WERLA SR** | An Príomhúdarás Réigiúnach um Fhorfheidhmiú Dramhaíola i Réigiún an Deiscirt.<br>Cuimsítear le Réigiún an Deiscirt Údaráis Áitiúla Luimnigh, an Chláir, Chiarraí, Chathair Chorcaí, Chontae Chorcaí, Thiobraid Árann, Loch Garman, Phort Láirge, Cheatharlach, agus Chill Chainnigh |
| **Údarás áitiúil** | Comhairle Contae nó Cathrach. Tá 31 Údarás Áitiúil in Éirinn. |
| **PRI** | Tionscnamh Freagrachta Táirgeora |
| **EPR** | Freagracht Leathnaithe Táirgeora |
| **EPA** | An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil |
| **EAO** | Oifigeach Feasachta Comhshaoil |
| **SAC** | Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta |
| **NHA** | Limistéir Oidhreachta Náisiúnta |
| **WEEE** | Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach |
| **IBAL** | Gnólachtaí na hÉireann in Aghaidh an Bhruscair |

# Aguisín 2: Leabharliosta


An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2021) *Imlitir WP 06.21: National Waste Enforcement Priorities 2022 - 2024,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2022) *Imlitir WP 03.22: Anti-Dumping Initiative 2022,* Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (2022) *Imlitir WP 03.22: Aguisín II Critéir Roghnúcháin Tionscadail*, Baile Átha Cliath: Oifig an tSoláthair.

connacht - ulster
**waste region**

eastern - midlands
**waste region**

southern
**waste region**



WERLA-R-5618 09/23